# An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

## Tuarascáil Bhliantúil

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Commission for Aviation Regulation

2019

# Clár na nÁbhar

Réamhrá 2

01. Eolas faoin gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta 3

02. Rialáil Eacnamaíoch 6

03. Ceadúnú Aeriompróirí agus Ceaduithe um Láimhseáil ar an Talamh 14

04. Ceadúnú Trádála Taistil 21

05. Cearta Aerphaisinéirí 27

06. Seirbhísí Corparáideacha 32

07. Faisnéis Airgeadais 36

08. Aguisín 43

# Réamhrá



**Cathy Mannion**
Coimisinéir

Tá paindéim dhomhanda COVID-19 ag cur isteach go mór ar an tioncal eitlíochta agus taistil ar fud an domhain agus ar an ghníomhaíocht eacnamaíoch go ginearálta. In 2020, díreoimid ár dtosaíochtaí agus ár gcláir oibre arís chun a chinntiú gur féidir linn freagraí rialála a chur ar fáil a thacaíonn le téarnamh na dtionscal a rialaímid agus a chinntíonn go dtabharfaí tús áite do leasanna paisinéirí go fóill. Cuimseoidh ár bplean oibre athbhreithnithe an dóchúlacht go ndéanfaí athbhreithniú eatramhach amháin ar a laghad ar an chinneadh praghsanna d'Aerfort Bhaile Átha Cliath agus plean nua feidhmíochta do sheirbhísí aerloingseoireachta faoi na Rialacháin maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair. Díríonn an chuid eile den tuarascáil seo ar an obair a rinneamar in 2019. Tá teagmháil ar leith á déanamh againn le páirtithe leasmhara ar fud réimsí éagsúla maidir lenár bhfreagra ar COVID-19.

Ar an 24 Deireadh Fómhair 2019, d'fhoilsíomar ár gCinneadh Deiridh maidir leis an leibhéal is airde i leith muirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath don tréimhse an 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2024. Is ionann an bonnphraghas ar an meán don tréimhse 2020-2024 agus €7.87, ar laghdú 11% é i gcomparáid leis an gcaidhp praghais de €8.81 a bhí ann in 2019.

Glacadh an cinneadh sin chun go gcuirfí ar chumas Aerfort Bhaile Átha Cliath seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil do phaisinéirí ach príomhchodanna bonneagair náisiúnta, a bhfuil costas thart ar €2.3bn ag baint leo, a sheachadadh ag an am céanna, rud a chuirfidh go mór le hacmhainneacht an aerfoirt déileáil le 40 milliún paisinéir in aghaidh na bliana. Thar thréimhse 5 bliana, de bharr na caidhpe praghais, bheadh sé de chumas ag Aerfort Bhaile Átha Cliath €1.4bn a bhailiú ó mhuirir aerfoirt sular bhuail COVID-19. Bhíomar ag súil leis freisin go mbaileodh Aerfort Bhaile Átha Cliath €1.4bn ó fhoinsí tráchtála ioncaim amhail miondíol agus carrchlóis.

D'oibríomar lenár nGrúpa Comhairleach Paisinéirí chun cáilíocht na seirbhísí atá ar fáil cheana ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a athbhreithniú. Mar fhreagra ar an gcomhairle a fuaireamar, chuireamar athruithe i bhfeidhm ar cháilíocht reatha na seirbhísí agus thugamar isteach 10 gcinn nua, go leor acu siúd a dhíríonn ar shásamh paisinéirí a bhfuil cúnamh breise ag teastáil uathu.

In 2019, fuaireamar 1,940 gearán ó phaisinéirí i gcoinne aerlínte, líon gearán a bhí 18% níos ísle ná líon 2018. Chuireamar fáilte roimh bhaill nua den fhoireann i R2 2019 agus thug sé sin an deis dúinn tabhairt faoin riaráiste gearán a bhí ann.

Chabhraigh sé sin linn €741,340 a fháil do phaisinéirí in 2019, figiúr atá 61.6% níos airde ná an figiúr in 2018. €648,475 i gcúiteamh agus €92,865 in aisíocaíochtaí a bhí i gceist leis sin.

In 2019, d'eisíomar ceadúnais le 16 aeriompróir agus 46 seirbhís láimhseála ar an talamh, agus rinneamar monatóireacht airgeadais orthu. Cé nach raibh ardú suntasach ann i gcomparáid le 2018, fuaireamar líon mór ceisteanna ó pháirtithe a bhí ag smaoineamh faoi dhul isteach i margadh na hÉireann, go mór mór de bharr go bhfuil na himpleachtaí d'aerlínte a bhfuil ceadúnas Éireannach acu níos soiléire anois agus an Ríocht Aontaithe le bheith ina tríú tír ó Eanáir 2020 ar aghaidh. Beidh an ábhar seo mar chuid dár bpleananna oibre sa bhliain atá le teacht.

In 2019, d'eisíomar ceadúnais le 211 tionscnóir turas agus gníomhaire taistil sa tionscal taistil. De bharr thabhairt isteach rialacha nua AE, d'imigh 15 sealbhóir ceadúnais amach as ár gcóras ós rud é gurb as Ballstát eile dóibh agus nach bhfuil sé de cheanglas orthu a thuilleadh ceadúnas Éireannach a bheith acu chun a bheith ag trádáil anseo.

I rith na bliana ar fad, d'oibríomar i ndlúthchomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus lenár gcomhghleacaithe in Údarás Eitlíochta na hÉireann chun an próiseas athchóirithe rialála a chur chun cinn. Táthar ag súil leis go bhfoilseofar reachtaíocht phríomha ina leith in 2020. Leanfaimid orainn ag cur chun cinn na hoibre athchóirithe sin in 2020.

Le héifeacht ó Eanáir 2020, tá cinneadh déanta ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Coimisiún a ainmniú ina Údarás Maoirseachta Náisiúnta chun rialáil eacnamaíoch a dhéanamh ar sheirbhísí aerloingseoireachta faoi na rialacháin maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair. Táimid ag tnúth leis an ról sin a athshannadh le déanaí a ghlacadh.

01

# Eolas faoin gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta



Is é an Coimisiún rialtóir neamhspleách eacnamaíoch na hÉireann ar an earnáil eitlíochta agus bunaíodh é in 2001. Déantar cur síos ar fhreagrachtaí an Choimisiúin thíos.

## Rialáil Eacnamaíoch

- Caidhp praghais a chuireann teorainn leis an méid ioncaim ar féidir le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (daa) a bhailiú in aghaidh an phaisinéara ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh uirthi.
- Comhlíonadh na Treorach Eorpaí um Muirir Aerfoirt (2009/12/CE), ina leagtar amach na híoschaighdeáin maidir le comhairliúchán agus neamh-idirdhealú i straitéis muirir aerfoirt, a chinntiú.
- Na muirir a thoibhíonn aerfoirt ar aerlínte chun seirbhísí a mhaoiniú do phaisinéirí faoi mhíchumas luaineachta a cheadú, de réir mar is gá.
- Táillí a ghearrann údaráis aerfoirt ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne maidir le rochtain a fháil ar na suiteálacha atá de dhíth chun seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar a cheadú.
- Stádas sceidealaithe aerfoirt na hÉireann faoin Rialachán Leithroinnte Sliotán a shonrú, ag ceapadh éascaitheoir nó comhordaitheoir sceideal nuair is gá. Na paraiméadair chomhordaithe d'aerfoirt Chomhordaithe a fhógairt- faoi láthair, tá Aerfort Bhaile Átha Cliath comhordaithe agus tá na haerfoirt Éireannacha eile Neamhchomhordaithe.
- Le héifeacht ón 1 Eanáir 2020, d'ainmnigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Coimisiún ina Údarás Maoirseachta Náisiúnta chun rialáil eacnamaíoch a dhéanamh ar sheirbhísí aerloingseoireachta faoi na rialacháin maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair.

## Ceadúnú agus Ceaduithe

- Ceadúnú a thabhairt d'aeriompróirí bunaithe in Éirinn a iompraíonn paisinéirí, post nó lastas ar íocaíocht agus/nó ar cíos.
- Ceadúnú a thabhairt do ghníomhairí taistil agus do thionscnóirí turas a dhíolann taisteal thar lear.
- Scéim bannaithe do ghníomhairí taistil agus tionscnóirí turais a riar agus éilimh a phróiseáil má théann gníomhaire taistil nó tionscnóir turas as gnó.
- Imscrúdú a dhéanamh ar chásanna de thrádáil mhídhleathach líomhnaithe agus ionchúiseamh a dhéanamh nuair is gá.
- Faomhadh a dheonú do chuideachtaí atá i mbun gníomhaíochtaí láimhseála ar an talamh ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne.

## Cearta Aerphaisinéirí

- Imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin maidir le cealuithe eitiltí, moilleanna níos faide ná dhá uair an chloig agus cásanna ina ndiúltaítear cead bordála nó a ina ndéantar seirbhísí a íosghrádú do gach eitilt atá le himeacht ó aerfoirt Éireannacha agus d'eitiltí a thagann isteach go haerfoirt Éireannacha ó thíortha neamh-AE (má tá iompróirí atá ceadúnaithe ag an AE á bhfeidhmiú).
- Fiosraíonn gearáin a bhaineann le cabhair faighte ag paisinéirí atá faoi mhíchumas luaineachta nuair a bhíonn áirithint á déanamh acu, iad ag taisteal trí aerfort laistigh d'Éirinn nó ag bordáil eitilte ag imeacht ó aerfort Éireannach.



# Príomhstaitisticí

## An Trádáil Taistil:



Rinneamar **211** comhlacht taistil a cheadúnú agus a chur faoi bhanna


## Cearta Aerphaisinéirí/ Daoine ar faoi Mhíchumas Luaineachta:



In 2019, dhéileálamar le ceisteanna ó **4,682** duine maidir le Cearta Aerphaisinéirí agus chabhraíomar le cuid acu €741,340 san iomlán a fháil i gcúiteamh agus speansais san iomlán.

Rinneamar imscrúdú ar **12** aighneacht mar le cearta daoine atá faoi mhíchumas luaineachta.

## Ceadúnú Aeriompróirí agus Seirbhísí Láimhseála ar an Talamh:



Tá **46** cuideachta atá i mbun gníomhaíochtaí láimhseála ar an talamh ceadaithe againn.

Tá **16** aeriompróir atá bunaithe in Éirinn ceadúnaithe againn.

## Rialáil Eacnamaíoch:



Cuimsíonn Cinneadh 2019 maidir le Muirir Aerfort Bhaile Átha Cliath liúntais de **€2.3bn** san iomlán le haghaidh infheistíocht i saoráidí aerfoirt sa tréimshe 2020-2024.

02

# Rialáil Eacnamaíoch



**Adrian Corcoran**
Stiúrthóir Rialála Eacnamaíche

Is é Adrian Corcoran an Stiúrthóir Rialála Eacnamaíche. Tá sé freagrach as rialáil eacnamaíoch Aerfort Bhaile Átha Cliath, comhordú sliotán agus faomhadh táillí a bhaineann le rochtain ar shuiteálacha agus paisinéirí atá faoi mhíchumas luaineachta. Ceapadh é don ról seo i Mí na Nollag 2014 tar éis dó a bheith ag obair mar Eacnamaí sa Choimisiún. Tá PhD san Eacnamaíocht aige.

## Cur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh

Is é príomhchuspóir straitéiseach na rannóige eacnamaíche seirbhísí aerfoirt atá éifeachtúil, ar ardchaighdeáin agus feasach ar an tsábháilteacht a dhreasú. Tá trí chuspóir agus roinnt gníomhartha lárnach chun an cuspóir sin a bhaint amach. Léiríonn Cairt 1 cad air a bhí ár gcuid oibre dírithe in 2019, lenar áiríodh ár dtrí chuspóir agus cuspóir ginearálta de chuid an Choimisiúin.[1]

**Cairt 1: Cuspóirí Straitéiseacha a nDearnamar Obair Orthu in 2019**

**Sprioc Eacnamaíochta**

Seirbhísí aerfoirt atá éifeachtúil, d'ardchaighdeán agus feasach ar an tsábháilteacht

| Cuspóir 1 | Cuspóir 2 | Cuspóir 3 | Cuspóir 2 an Choimisiúin |
|---|---|---|---|
| Muirir éifeachtúla a shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath | Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara a mhéadú sa Phróiseas Cinnteoireachta | Iomaíocht a chur chun cinn agus iontráil nua a éascú | Dul i gcomhairle go héifeachtúil le páirtithe leasmhara agus an dea-chleachtas idirnáisiúnta a bhaint amach |

Tugtar achoimre sna paragraif seo a leanas ar an obair a rinneamar in 2019, agus an t-eolas leagtha amach de réir gach cuspóir ar leith.

## Muirir Éifeachtúla a Shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

### Caidhp praghais a shocrú d'Aerfort Bhaile Átha Cliath

Ar an 24 Deireadh Fómhair 2019, d'fhoilsíomar ár gCinneadh Deiridh maidir leis an leibhéal is airde i leith muirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath don tréimhse an 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2024.

Breathnaítear sa tuarascáil seo ar chúrsaí mar a bhí i nDeireadh Fómhair 2019. De bharr thionchar fairsing COVID-19, áfach, ní fhreagraíonn go leor de na boinn tuisceana agus na hionchais ar a bhfuil Cinneadh 2019 maidir le muirir aerfoirt bunaithe, ní fhreagraíonn siad do chúrsaí mar atá siad anois.

Tá sé i gceist leis an múnla rialála a baineadh úsáid as i gCinneadh 2019 go mbeifí in ann imeacht go pointe réasúnach (bíodh sé sin suas nó síos) ó réamhfhaisnéisí ex-ante thar na tréimhse cúig bliana, gan aon cheanglas a bheith ann chun Athbhreithniú Eatramhach a dhéanamh. Ní hionann cúrsaí mar atá siad faoi láthair agus imeacht go pointe réasúnach ó na réamhfhaisnéisí sin. Tabharfaimid athamharc ar na boinn tuisceana sin sna míonna agus blianta atá amach romhainn. Tá sé i gceist againn comhoibriú leis na páirtithe leasmhara go léir ar bhealach réamhghníomhach chun Cinneadh 2019 a athbhreithniú i bhfianaise COVID-19.

Shocraigh Cinneadh 2019 an bonnphraghas ar an meán don tréimhse 2020-2024 ag €7.87, laghdú 11% i gcomparáid leis an gcaidhp praghais de €8.81 a bhí ann go sainiúil in 2019. Ar bharr thionchair COVID-19 agus an athbheithnithe a dhéanfar dá bharr, tá dochúlacht ann go ndéanfar coigeartú ar na caidhpeanna praghais sin thar na tréimhse de bharr boilscithe, tearcbhailithe, agus costais faoi shainordú reachtúil agus de bharr bhaint amach, nó a mhalairt de, spriocanna cáilíochta seirbhíse agus truicir infheistíochta caipitiúla.

1 In aguisín na tuarascála seo, tugtar achoimre ar an obair a rinneamar in 2019 agus déantar cur síos ar an mbealach a bhfuil an obair sin ag teacht lenár bPlean Straitéiseach 2017-2019.

### Cairt 2: Cinneadh 2019- Bunchaidhpeanna Praghais

| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | Meán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Uasioncam in aghaidh an Phaisinéara | €7.50 | €7.50 | €7.88 | €8.12 | €8.32 | €7.87 |

Glacadh ár gcinneadh chun go gcuirfí ar chumas Aerfort Bhaile Átha Cliath seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil do phaisinéirí ach príomhchodanna bonneagair náisiúnta, a bhfuil costas thart ar €2.3bn ag baint leo, a sheachadadh ag an am céanna, rud a chuirfidh go mór le hacmhainneacht an aerfoirt déileáil le 40 milliún paisinéir in aghaidh na bliana.


Thar na tréimhse cúig bliana, bhíomar ag súil leis go mbaileodh Aerfort Bhaile Átha Cliath €1.4bn ó mhuirir aerfoirt, agus go mbaileodh Aerfort Bhaile Átha Cliath thart ar €1.4bn ó fhoinsí tráchtála ioncaim amhail miondíol agus carrchlóis.

Is gníomh suntasach é caidhp praghais a shocrú, gníomh a mbíonn tionchar aige ar an ngeilleagar náisiúnta.

De bharr an chuir chuige atá againn maidir le rialáil, shábháil paisinéirí agus aerlínte thart ar €1.8bn go díreach idir 2001 agus 2019, agus bhíothas ag súil leis go sábhálfadh siad €320m breise idir 2020 agus 2024 sular tháinig COVID-19 chun cinn.

Os a choinne sin, tá sé ríthábhachtach go mbeadh Aerfort Bhaile Átha Cliath ábalta ioncam dóthanach a bhailiú chun an t-aerfort a fheidhmiú agus a fhorbairt chun leasa úsáideoirí an aerfoirt. Soláthraíonn sé seo tairbhí suntasacha eacnamaíocha do gheilleagar na hÉireann ina iomláine, agus go háirithe do na hearnálacha turasóireachta agus fiontair, le tairbhí ag eascairt ó aertháillí níos ísle de bharr mhuirir aerfoirt a bheith níos ísle agus níos mó iomaíochais a bheith idir aerlínte, saoráidí feabhsuithe, soláthar níos mó suíocháin agus nascacht níos fearr a  bheith ann.

### Cairt 3: Coigiltis Dhíreacha d'Úsáideoirí Aerfoirt, 2001-2024




Foinse: Cinntí an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta, aighneachtaí daa chuig an gCoimisiún, fíorphraghsanna 2018.

Mar a tharla nuair a glacadh Cinntí eile, mhalartaíomar faisnéis le hAerfort Bhaile Átha Cliath, leis na haerlínte agus le páirtithe leasmhara éagsúla, agus chuamar i gcomhairle leo, roimh an gcinneadh a dhéanamh.

An uair seo, chuireamar barúlacha eile leis an bpróiseas trí teagmháil dhíreach a dhéanamh le hionadaithe paisinéirí tríd an nGrúpa Comhairleach Paisinéirí nuabhunaithe.

Bhí deis ag páirtithe leasmhara aighneachtaí a chur isteach chuig dhá chomhairliúchán phoiblí roimh an gCinneadh Deiridh. Ar an gcéad dul síos, i bPáipéar Buncheisteanna 2018, Iorgaíomar barúlacha maidir le conas a mba gá dúinn dul chun cinn a dhéanamh go ginearálta, ag breathnú go háirithe ar na beartais rialála a mba chóir dúinn glacadh leo, ar na modheolaíochta a mba chóir dúinn a chur i bhfeidhm agus ar na foinsí sonraí a mba chóir dúinn a úsáid.


Ar an dara dul síos, i mBealtaine 2019, d'fhoilsíomar Dréachtchinneadh, trína ndearnamar comhairliúchán maidir lenár dtograí mionsonraithe faoin gcaidhp praghais. Bhí ár dtograí bunaithe ar na cúig fhreagra a fuaireamar maidir le Páipéar Buncheisteanna 2018, agus ar ráitis bheartais a chuir an Roinn Iompair, Turasóireacht agus Spóirt in iúl dúinn in Iúil 2018.

Tar éis tréimhse chomhairliúcháin dhá mhí, d'fhoilsíomar na 38 aighneacht a fuaireamar mar fhreagra ar an nDréachtchinneadh. Bhí an Cinneadh Deiridh bunaithe ar athbhreithniú mionsonraithe a rinneadh ar na haighneachtaí go léir a fuarthas agus ar phlé fairsing a rinneadh le páirtithe leasmhara.

## Rialú agus monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar cost-éifeachtúil tionscadal caipitiúil

Léiríonn an chairt seo a leanas scála an chláir infheistíochta caipitiúla a d'fhaomh an Coimisiún thar an tréimhse 2020-2024, i gcomparáid leis an gcaiteachas stairiúil.

**Cairt 4: Olltoradh agus Infheistíocht Chaipitiúil Réamh-mheasta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath**




I gCinneadh 2019, thugamar isteach trí shásra nua chun monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar cost-éifeachtúil Tionscadal Caipitiúil agus iad a dhreasú. Ar an gcéad dul síos, thugamar isteach StageGate, próiseas a dearadh chun a chinntiú go mbeadh cáis ghnó agus scóip phríomhthionscadal áirithe, a bhfuil costas measta €1.3bn san iomlán ag baint leo faoi láthair, optamach i gcónaí de réir mar a éiríonn dearadh agus costáil níos cinnte. In 2020, oibreoimid i gcomhar le páirtithe leasmhara chun an próiseas StageGate a chur i bhfeidhm agus chun tús a chur leis.

Ar an dara dul síos, thugamar isteach dreasacht airgeadais, i bhfoirm laghduithe ar an gcaidhp praghais, más rud é a chinneann Aerfort Bhaile Átha Cliath gan dul ar aghaidh le hocht mórthionscadal caipitiúil atá beartaithe do 2020-2024.

Leis an dreasacht sin, tá sé mar aidhm againn Aerfort Bhaile Átha Cliath a spreagadh chun na tionscadail sin a sheachadadh de réir na hamlíne a leag sé amach ina chlár infheistíochta, rud a chinnteoidh nach mbeidh ar úsáideoirí aerfoirt íoc as an infreastruchtúr seo mura bhfuil sé le seachadadh.

Ar an tríú dul síos, foilseoimid tuarascálacha gach ráithe ar an dul chun cinn atá déanta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir le seachadadh an chláir infheistíochta caipitiúla do 2020-2024 de réir na n-amlínte sceidealaithe agus na leibhéal caiteachais. Tógann sé sin ar an tuairisciú a dhéantar cheana ar sheachadadh tionscadail na mbreisliúntas infheistíochta caipitiúla a thosaigh in 2018.

In 2019, leanamar orainn ag foilsiú tuarascálacha ar dhul chun cinn maidir le clár tionscadal chaipitiúil bhreise a bhfuil liúntas costais de €269.3m san iomlán ag baint leo[2]. Baineann na tionscadail seo le seastáin (51% den liúntas costais), bealaí innealta (31%) agus próiseáil paisinéirí (19%). Ó 2020 ar aghaidh, foilseoimid tuarascálacha ar an dul chun cinn a bheidh déanta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir leis na tionscadail go léir atá ag dul ar aghaidh. Sna tuarascálacha sin, leagfaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath amach na leibhéil chaiteachais chomh maith le haon athruithe a mbaineann leis na hamlínte a leag sé amach ina thograí rialála.

Mar shampla, leagfaidh na tuarascálacha amach na tionscadail:

- **a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh moill ag baint leo nó a ndéanfar iad a thabhairt chun tosaigh**
- **ar tháinig athruithe suntasacha ar scóip an tionscadail agus/nó ar na costais mheasta ag baint leo**
- **a cuireadh ar fionraí nó ar ceal**
- **a cuireadh leis na tionscadail atá ann cheana**

### Monatóireacht ar chomhlíonadh Chinneadh 2014

In 2019, d'fhoilsíomar na torthaí ráithiúla faoi mhonatóireacht ar cháilíocht na seirbhíse maidir le hamanna feithimh sa scuaine slándála, saoráidí láimhseála bagáiste ar an talamh agus torthaí na suirbhéanna paisinéirí.[3] Bhain Aerfort Bhaile Átha Cliath amach an 12 sprioc go léir in 2019.

Déanfaimid measúnú ar chomhlíonadh chaidhp praghais 2019 go luath in 2020.

## Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara a Mhéadú sa Phróiseas Cinnteoireachta

### Leibhéal níos airde comhairliúcháin agus trédhearcachta ar mhuirir aerfoirt agus tograí infreastruchtúir a chur chun cinn

In 2018, leagamar amach treoir a bhfuileamar ag súil leis go leanfaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath agus na haerlínte í maidir leis an gcomhairliúchán bliantúil ar "Straitéis Mhuirir" an aerfoirt. Sainmhínímid an Straitéis Mhuirir mar na gnéithe ar fad a bhaineann le socruithe muirir a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar mhuirir aerfoirt a íocann úsáideoirí aerfoirt. Cuimsíonn sé sin leibhéal agus struchtúr an chláir muirir, scéimeanna dreasachta (lacáistí nó lascainí ar mhuirir), comhaontuithe seirbhíse, conarthaí déthaobhacha, agus aon téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le haon cheann de na gnéithe sin.

Táthar ag súil leis go ndéanfaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath comhairliúchán ar gach gné den Straitéis Mhuirir, ag díriú isteach ag an am céanna ar an údar atá leis na muirir atá beartaithe nó le tabhairt isteach muirear/scéimeanna nua. Ba cheart d'Aerfort Bhaile Átha Cliath bonn cirt a thabhairt le haon athrú atá beartaithe bunaithe ar chritéir na Treorach um Muirir Aerfoirt.

#### Measúnú Chomhairliúchán Bliantúil 2019

I Samhain, rinneamar breathnóireacht ar an gcomhairliúchán bliantúil maidir le muirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Roimh an gcomhairliúchán, fuair Aerfort Bhaile Átha Cliath freagraí ó 10 aerlíne, a fhreagraíonn do 80% de thrácht paisinéirí.

### Iniúchadh a dhéanamh ar conas rannpháirtíocht an phaisinéara sa phróiseas rialála a fheabhsú

In 2018, bhunaíomar Grúpa Comhairleach Paisinéirí chun ár dtuiscint ar na rudaí atá tábhachtach do phaisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a fheabhsú. Cuimsíonn an Grúpa eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar éagsúlacht na bpaisinéirí a úsáideann Aerfort Bhaile Átha Cliath.




2 www.aviationreg.ie/regulation-of-airport-charges-dublin-airport/compliance-papers.123.html

3 www.aviationreg.ie/regulation-of-airport-charges-dublin-airport/quality-of-service-.820.html

Bhuaileamar leis an ngrúpa sin cúig huaire idir Samhain 2018 agus Meitheamh 2019 chun a dtuairimí a phlé maidir le conas aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí paisinéirí trí bhíthin spriocanna cáilíochta seirbhíse agus gnéithe ábhartha den Chlár Infheistíochta Caipitiúla. Nascadh an amlíne chun teagmháil a dhéanamh leis an ngrúpa le hamlíne Chinneadh 2019, mar a léirítear thíos.

**Cairt 5: Grúpa Comhairleach Paisinéirí (PAG) agus Cinneadh 2019 idirnasctha**




In 2009, thugamar isteach den chéad uair naisc idir an gcaidhp praghais agus 12 bheart éagsúla um cháilíocht seirbhíse. Le cúnamh an Ghrúpa Chomhairligh Paisinéirí, rinneamar athbhreithniú ar na bearta sin in 2019 agus rinneamar roinnt athraithe, ag méadú líon iomlán na spriocanna cáilíochta seirbhíse ó 12 go 22. Sampla de bhearta nua a tugadh isteach ná uasamanna feithimh do phaisinéirí a bhfuil cúnamh ag teastáil uathu, agus infhaighteacht ardaitheoirí, staighrí agus cosán beo. Ag an am céanna, coinníodh i bhfeidhm na bearta a bhí ann cheana amhail iad siúd a bhaineann le scuainí slándála agus córais láimhseála bagáiste.

Sna blianta roimhe seo, cuireadh i bhfeidhm bearta cáilíochta seirbhíse do na paisinéirí go léir mar aon ghrúpa amháin. Sna blianta atá amach romhainn, leanaimid orainn ag breathnú ar eispéiris na bpaisinéirí go léir, ach díreoimid isteach freisin ar phaisinéirí a bhfuil cúnamh breise ag teastáil uathu.

## Iomaíocht a Chur Chun Cinn agus Iontráil Nua a Éascú

### Paraiméadair Chomhordaithe a fhógairt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chun an leas is éifeachtaí a bhaint as infreastruchtúr, ag éascú iontráil aerlínte nua sa mhargadh

I mBealtaine agus Meán Fómhair, d'fhógraíomar na paraiméadair chomhordaithe do shéasúir sceidealaithe Gheimhreadh 2019 agus Samhradh 2020, ag teacht le féilire an Chomhlachais Aeriompair Idirnáisiúnta maidir le comhordú sliotán. Cheadaíomar roinnt méaduithe spriocdhírithe agus incriminteacha i líon na n-aerárthaí ar féidir leo feidhmiú ag Baile Átha Cliath. An cur chuige atá againn, atá bunaithe ar shamhaltú ionsamhlúcháin, ná an chothromaíocht cheart a aimsiú idir oibriúcháin nua a éascú agus a chinntiú go bhfuil an sceideal eitiltí indéanta go feidhmiúil. Níl sé éasca an chothromaíocht seo a fháil; le blianta beaga anuas, le fás mór ar an éileamh, tá Aerfort Bhaile Átha Cliath níos srianta ná riamh ó thaobh sliotán de, mar a léirítear i gCairt 6.

### Cairt 6: Méadú ar Rátaí Úsáide na hAcmhainne Rúidbhealaigh

| Ráta úsáide - Buaicuaireanta (0500-1800 UTC) | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Mí | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
| Eanáir | 50.4% | 54.2% | 58.3% | 63.4% | 67.0% | 70.4% | 73.2% |
| Feabhra | 51.8% | 55.9% | 61.4% | 66.6% | 68.7% | 71.2% | 76.1% |
| Márta | 56.9% | 58.0% | 64.2% | 71.3% | 73.9% | 74.4% | 79.2% |
| Aibreán | 62.7% | 67.4% | 72.9% | 78.7% | 81.7% | 86.3% | 88.7% |
| Bealtaine | 66.2% | 71.0% | 76.9% | 83.6% | 87.0% | 91.8% | 91.8% |
| Meitheamh | 70.4% | 72.7% | 83.9% | 89.0% | 92.1% | 95.3% | 94.8% |
| Iúil | 72.7% | 74.5% | 83.3% | 89.7% | 92.7% | 95.5% | 95.8% |
| Lúnasa | 71.6% | 72.6% | 80.5% | 87.3% | 91.3% | 93.2% | 95.0% |
| Meán Fómhair | 69.6% | 72.8% | 80.4% | 86.3% | 91.0% | 93.6% | 92.9% |
| Deireadh Fómhair | 65.0% | 69.7% | 76.5% | 82.0% | 84.5% | 89.4% | 86.9% |
| Samhain | 56.1% | 61.7% | 67.5% | 70.5% | 74.5% | 78.7% | 80.2% |
| Nollaig | 54.5% | 59.3% | 65.3% | 68.6% | 71.6% | 75.7% | 80.4% |
| **Meán** | **62.3%** | **65.8%** | **72.6%** | **78.1%** | **81.3%** | **84.6%** | **86.2%** |

Foinse: Airport Coordination Limited (ACL)

### Smachtbhannaí mar gheall ar mhí-úsáid sliotán a chur i bhfeidhm

Eisíodh smachtbhanna nua amháin, do Ryanair, maidir le feidhmiú gan sliotán. Ba é €3,000 méid iomlán an smachtbhanna sin. Cuireadh i bhfeidhm go sásúil smachtbhanna de €8,200 a eisíodh chuig Aer Lingus in 2018 maidir le feidhmiú gan sliotán in 2018. I gcásanna eile, ba dhóthan iad rabhaidh a d'eisigh Comhordaitheoir Bhaile Átha Cliath (ACL) chun an méid a cloíodh leis an leithroinnt sliotán, ionas nárbh gá smachtbhannaí airgeadais a chur i bhfeidhm.

### Cinntiú go bhfuil na táillí a ghearrtar ar Láimhseálaithe ar an Talamh oiriúnach, oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach

In 2019, rinneamar táillí a uasdátú, de réir mar a bhí gá, de réir paraiméadair nua amhail praghasinnéacs na dtomhaltóirí agus réamhfhaisnéisí suas chun dáta maidir le paisinéirí. Ní bhfuaireamar aon éileamh ar fhaomhadh nua.

## Rialú a Léiríonn an Dea-Chleachtas Idirnáisiúnta is Fearr

### Páirt ghníomhach a ghlacadh i bhFóram Thessaloniki Rialtóirí Muirear Aerfoirt na hEorpa agus i measúnú na Treorach um Muirir Aerfoirt

I Samhain, ghlac Fóram Thessaloniki Rialtóirí Muirear Aerfoirt na Eorpa le dhá thuarascáil treorach a scríobh grúpaí oibre de chuid an Fhóraim agus d'fhoilsigh sé iad. Cuireann an chéad tuarascáil moltaí ar fáil maidir le réimse beart leasúcháin a d'fhéadfaí a chur ar fáil do ISAnna atá ag iarraidh dul i ngleic le haon riosca mí-úsáide nó le mí-úsáid a mbaineann oibritheoirí as cumhachtaí margaidh. Rinneamar cathaoirleacht ar an ngrúpa oibre sin. Cuireann an dara tuarascáil moltaí ar fáil maidir le tagarmharcáil muirir aerfoirt a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht aerfort. Ghlacamar páirt sa ghrúpa oibre sin.

### Comhordú le gníomhaireachtaí ábhartha eile maidir le rialú Aerfort Bhaile Átha Cliath

In 2019, d'oibríomar i gcomhar le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) agus le Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (SEIÉ) sa phróiseas chun tionscadail infheistíochta caipitiúla nó leibhéil cháilíochta seirbhíse ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a rialáil.

## Ag Breathnú ar Aghaidh go 2020

Táimid ag tnúth le bheith ag obair le hAerfort Bhaile Átha Cliath chun na ceangaltais a leagamar amach i gCinneadh 2019 a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Táimid ag tnúth, go háirithe, le bheith ag obair leis na páirtithe leasmhara go léir tríd an bpróiseas StageGate. Glacfaimid páirt freisin sa phróiseas achomhairc maidir le Cinneadh 2019. Beidh cur chuig solúbtha ag teastáil inár gcomhoibriú leis na páirtithe leasmhara chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le COVID-19.

Leanaimid orainn ag fógairt acmhainn Aerfort Bhaile Átha Cliath de réir na hamlíne atá leagtha síos do ghníomhaíochtaí comhordaithe. Tá sé i gceist againn freisin tús a chur leis an bpróiseas anailíse agus rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara faoin gcur chuige ar gá dúinn a ghlacadh maidir le hacmhainn an Rúidbhealaigh Thuaidh a fhógairt, chomh luath agus a rachaidh sé i seirbhís.

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2020, d'ainmnigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Coimisiún ina Údarás Maoirseachta Náisiúnta chun rialáil eacnamaíoch a dhéanamh ar sheirbhísí aerloingseoireachta faoi na Rialacháin maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair. Táimid ag tnúth leis an ról sin a athshannadh le déanaí a ghlacadh.

In 2020, táimid ag tnúth le rannpháirtíocht leanúnach a ghlacadh i ngrúpaí oibre Fhóram Thessaloniki. Beimid inár gcathaoirligh ar an ngrúpa oibre a bhfuil mar aidhm aige tuarascáil a ullmhú maidir le ceist rialáil chur chuige an scipéid aonair nó an déscipéid, agus an leithroinnt costais idir gníomhaíochtaí tráchtála agus aerloingseoireachta sa chás go nglacfaí cur chuige an déscipéid. Glacfaimid páirt i ngrúpa oibre maidir le modhnú comhshaoil muirear aerfoirt.



# 03

# Ceadúnú Aeriompróirí agus Ceaduithe um Láimhseáil ar an Talamh



**David Hodnett**
Leas-Choimisinéir/Stiúrthóir Gnóthaí Dlí

Is é David Hodnett Ard-Abhcóide agus Leas-Choimisinéir an Choimisiúin. Aturnae é a tháinig isteach sa Choimisiún in 2003. Tá sé freagrach as Gnóthaí Dlí, Ceadúnú Aeriompróirí agus Cearta Aerphaisinéirí.

Is é an Coimisiún a riarann na córais cheadúnaithe agus cheadaithe in Éirinn d'aeriompróirí agus do láimhseálaithe ar an talamh. Tugtar sa tábla thíos achoimre ar na gníomhaíochtaí ceadúnaithe agus ceadaithe i rith 2019. I gcaitheamh na bliana, rinneadh monatóireacht ar shealbhóirí ceadúnas agus ceadaithe maidir le comhlíonadh na gcóras reachtaíochta a rialaíonn na hearnálacha sin.

### Tábla 1: Líon na gCeadúnas agus na gCeaduithe in 2019

| | Aeriom-próirí | Láimhseálaithe ar an Talamh | |
|---|---|---|---|
| | | Féinláim-hseálaithe | Tríú Páirtithe |
| Sealbhóirí ceadúnais, 1 Eanáir 2019 | 16 | 9 | 36 |
| *Ceadúnais/ Ceaduithe nua* | 0 | 0 | 5 |
| *Ceadúnas aisghairthe/ tugtha suas* | 0 | 0 | 1 |
| Sealbhóirí ceadúnais, 31 Nollaig 2019 | 16 | 9 | 40 |

## Ceadúnais d'Aeriompróirí

Ag deireadh 2019, bhí ceadúnas bronnta ag an gCoimisiún ar 16 aeriompróir bunaithe in Éirinn chun dul i mbun oibríochtaí tráchtála aeriompair. Níorbh aon athrú é sin i gcomparáid leis an bhliain roimhe, agus d'fhan líon na n-aeriompróirí ceadúnaithe seasta.

I rith na bliana, ní bhfuarthas aon iarratas nua ar cheadúnas oibríochta. Bhí iarratas amháin (a cuireadh isteach i Nollaig 2018) á phróiseáil fós ag deireadh 2019. Tá liosta iomlán suas chun dáta de shealbhóirí ceadúnas atá i mbun oibríochta ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

I rith na bliana, cuireadh i bhfeidhm monatóireacht rialta ar na sealbhóirí ceadúnais go léir chun a chinntiú gur cloíodh leis an reachtaíocht ábhartha um cheadúnú maidir le hoiriúnacht airgeadais, clúdach árachais, agus sealbhú agus rialú. Leanamar orainn le monatóireacht ghrinn a dhéanamh ar staid airgeadais na n-aeriompróirí, go háirithe iad siúd a raibh staid airgeadais níos laige acu, trí shonraí airgeadais a éileamh agus cruinnithe a eagrú ar bhonn níos rialta.

Chomh maith leis sin, thugamar cuairteanna comhlíontachta ar dhá aeriompróir cheadúnaithe i rith 2019.

Tá ceadúnais faoi réir athbhreithnithe dhá bhliain tar éis go mbronnfaí iad ar dtús. I Nollaig 2019, tharla athbhreithniú amháin den chineál sin agus bhí sé fós ar siúl ag deireadh na bliana de bharr riachtanais bhreise faisnéise a tháinig chun cinn. Táthar ag súil leis go gcuirfear i gcrích an t-athbhreithniú sin faoi dheireadh Eanáir 2020.

Chun go mbeadh modh atá in-sainaitheanta go héasca ann le deimhniú go bhfuil ceadúnas ag oibritheoir, eisíodh diosca ceadúnais d'oibritheoirí aerárthaí beaga agus d'oibritheoirí héileacaptar ar féidir leo é a chur ar taispeáint i ngach ceann dá n-aerárthaí ceadúnaithe mar atá liostaithe ar a dTeastas Aeroibreoirí a d'eisigh Údarás Eitlíochta na hÉireann.

### Diosca Ceadúnais Aeriomprόra




I rith 2019, fuaireamar seacht n-iarratas ó aeriompróirí Éireannacha a rinneadh faoi Alt 8 (5) den Rialúchán Ceadúnaithe, alt a éilíonn go gcuirfí in iúl roimh ré don Choimisiún aon athruithe a bhfuil sé beartaithe a dhéanamh ar scála a ngníomhaíochtaí,[4] agus go gcuirfí in iúl roimh ré don Choimisiún aon chumasc/ éadáil nó aon athrú ar úinéireacht atá beartaithe. I dteannta le leagan amach na n-athruithe beachta go cruinn ag an aeriompróir, féadfaidh an Coimisiún plean athbhreithnithe gnó a iarraidh sa chás go measfaí go mbeidh tionchar suntasach ag na hathruithe atáthar á bhfógairt ar chúrsaí airgeadais aeriomprόra. Sa chás go mbaineann na hathruithe le haerárthaigh nua a oibriú, is gá don Choimisiún sonraí árachais a scrúdú chun a chinntiú go gcloíonn siad leis na riachtanais chuí, chomh maith le sonraí an mhodha éadála (e.g. ceannach/léasú) agus na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis an gconradh.

4 Is féidir oibriú aersheirbhís nua chuig an mhór-roinn nó réigiún domhanda nár freastalaíodh orthu cheana, athruithe sa líon aerárthach nó a gcineál á n-oibriú nó aon athruithe eile i scála a gcuid ghníomhaíochtaí a áireamh sna hathruithe ábhartha.

Léirítear i dTábla 2 thíos achoimre ar an líon aighneachtaí a breathnaíodh faoin Alt seo in 2019 de réir chineál an fhógra:

**Tábla 2: Aighneachtaí 2019 faoi Alt 8 (5)**

| Cineál Fógra faoi Alt 8 (5) | Líon aighneachtaí 2019 |
|---|---|
| Roimh aon athruithe suntasacha ar an scála gníomhaíochtaí (lena n-áirítear athruithe ar chineál nó líon na n-aerárthach a úsáidtear) | 6 |
| Roimh aon chumaisc/éadálacha beartaithe | 0 |
| Athruithe úinéireachta agus rialaithe | 1 |

## Brexit

I Márta 2019, foilsíodh Rialachán (AE) 2019/502 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhrialacha a chinnteoidh nascacht bhunúsach aeir maidir le tarraing siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas. Leag an Rialachán sin síos sraith shealadach bheart chun aerthaisteal idir an Aontas agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('An Ríocht Aontaithe') a rialú mar chuid d'ullmhúcháin theagmhasachta an AE dá dtarlódh "Brexit gan Chomhaontú".

Pléann Alt 7 den Rialachán (AE) 2019/502 leis an tionchar a bheidh ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas ar an gcomhlíontacht maidir le ceanglais úinéireachta agus rialaithe agus athchatagóiriú náisiúnaigh na R.A. mar náisiúnaigh neamh-AE. Mura ndaingnítear Comhaontú um Tharraingt Siar, ní bheidh aon tionchar ag neamhchomhlíonadh an cheanglais úinéireachta agus rialaithe ar bhailíocht an cheadúnais oibríochta go dtí deireadh Dheireadh Fómhair 2020.

Sa chomhthéacs sin, fuair an Coimisiún pleananna maidir le gníomhaíochtaí feabhais ó aeriompróirí éagsúla ceadaithe Éireannacha agus mheas sé go mbeadh comhlíontacht ann maidir le ceanglais úinéireachta agus rialaithe de réir an phróisis atá leagtha amach faoi Alt 7 de Rialachán (AE) 2019/502 de bharr na mbeart a leagtar amach iontu, laistigh den teorainn ama a leagadh síos. Cuireadh na measúnuithe sin faoi bhráid an Choimisiún Eorpaigh i Meitheamh 2019.

Ós rud é gur beart teagmhasachta atá ann, scoirfidh Rialachán (AE) 2019/502 d'fheidhm a bheith aige má dhaingníonn ballstáit an AE agus an R.A. an Comhaontú um Tharraingt Siar. Má dhaingnítear an Comhaontú um Tharraingt Siar, tosóidh an R.A. ar idirthréimhse a mairfidh go dtí an 31 Nollaig 2020. Laistigh d'idirthréimhse, ní bheidh aon athrú ar chur i bhfeidhm dlíthe ábhartha an AE agus glacfar leis gur náisiúnaigh den AE/LEE iad go fóill náisiúnaigh na R.A. chun críocha úinéireacht agus rialú aeriompróirí ceadaithe bhallstáit an AE.

Leanfaidh an Coimisiún le bheith ag plé le sealbhóirí ceadúnais agus le páirtithe leasmhara i rith 2020 gcomhthéacs na rudaí a thitfidh amach ó thaobh an cheadúnaithe agus an cheadaithe de mar gheall ar Brexit.

## IFRS 16

Tar éis gur eisíodh páipéar chuig aeriompróirí Éireannacha i Samhain 2018 maidir leis an gcaighdeán nua léasaithe, IFRS 16, fuair an Coimisiún measúnuithe i lár 2019 ó na haeriompróirí Éireannacha go léir faoin tionchar ionchasach ar staid airgeadais agus feidhmíocht na n-aerlínte a bheadh ann mar thoradh ar chur i bhfeidhm an chaighdeáin nua sin. Scrúdaíodh na measúnuithe i gcomhthéacs ról an Choimisiúin monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh leanúnach na gceanglas um oiriúnacht airgeadais faoi Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 agus rachfar i dteagmháil tuilleadh leis na haeriompróirí ábhartha de réir mar is cuí. Mar chuid den iarraidh seo ar fhaisnéis, thapaíomar an deis freisin ár dtaifid a nuashonrú ó thaobh an mhodha éadála le haghaidh gach aerárthach a oibríonn aeriompróirí Éireannacha. Baineann sé seo leis an gcroícheanglas maidir le sealbhú aerárthaigh le haghaidh deonú agus coimeád i bhfeidhm ceadúnais oibríochta.

## Meastóireacht an CE ar Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008

Leanamar orainn ag déanamh monatóireacht ar Mheastóireacht an CE ar Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 maidir le comhrialacha d'oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal. In Iúil 2019, d'fhoilsigh an CE Doiciméad Oibre d'Fhoireann an Choimisiúin faoin Mheastóireacht. Ina theannta sin, thugamar ionchur de réir mar a bhí gá leis don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt mar fhreagra ar cheistneoirí breise a d'eisigh an CE mar thacaíocht leis an bpíosa oibre sin.

## Córas Éifeachtúil Ceadúnaithe a Oibriú

Ag teacht lenár gcuspóirí straitéiseacha mar atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach 2017 go 2019 an Choimisiúin, leanamar le hathbhreithniú a dhéanamh ar ár gcórais agus ár bpróisis inmheánacha, chun ár gcuspóir maidir le córas éifeachtúil ceadúnaithe a oibriú a bhaint amach agus chun a chinntiú go bhfuilimid éifeachtach. Mar chuid de na pointí gníomhaíochta a aithníodh do 2019 don athbhreithniú áirithe seo, d'oibríomar chun roinnt moltaí a d'aithin Iniúchóireacht neamhspleách a rinneadh ar ár bpróiseas Ceadúnaithe in 2018 a chur i bhfeidhm. Tá an obair air seo ag leanúint ar aghaidh d'fhonn na moltaí atá fágtha a chur i bhfeidhm go luath in 2020.

Ag deireadh 2019, d'eisíomar féilire chomhlíontachta arís do shealbhóirí ceadúnais, féilire a tharraingíonn a n-aird ar na príomhdhátaí comhlíontachta i rith na bliana chun cabhrú leo na riachtanais éagsúla faisnéise a thiocfaidh chun cinn in 2020 a chomhlíonadh. I dteannta na féilire comhlíontachta, bhí achoimre ar na ceanglais monatóireachta agus chomhlíontachta uile a thiocfaidh chun cinn agus achoimre ar an bhfaisnéis a bhfuiltear ag súil lena fáil maidir le gach aighneacht. Chomh maith leis sin, tugtar liosta de na himeachtaí a mbíonn ceadú an Choimisiúin ag teastáil uathu roimh ré nó ar gá iad a fhógairt don Choimisiún roimh ré. Áirítear leis an mbileog achoimre faisnéise freisin ainm an duine teagmhála a d'ainmnigh gach cuideachta le bheith ina theagmhálaí leis an gCoimisiún maidir le gach ceist a bhaineann le monatóireacht chomhlíontachta.

I rith 2019, leanamar orainn a bheith ag obair go dlúth le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann ar cheisteanna ceadúnaithe aeriompróirí de réir an chomhaontaithe comhroinnte faisnéise atá againn faoi láthair. Ghabh dul chun cinn an athchóirithe rialála agus cruthú ról nua an rialtóra eitlíochta ionad na bpleananna chun an chomhaontaithe sin a athbhreithniú.

## Comhoibriú

Ghlac an Coimisiún páirt i gceardlann a d'óstáil Údarás Eitlíochta Shibhialta an RA do rialtóirí ceadúnaithe eitlíochta i Meitheamh 2019. Príomhghné den cheardlann bhliantúil is ea cothroime iomaíochta a chur chun cinn maidir le cur i bhfeidhm riachtanas do cheadúnais oibríochta laistigh den Aontas Eorpach agus iarracht a dhéanamh muinín a thabhairt don tionscal go bhfuil riachtanais den chineál sin á gcur i bhfeidhm go cothrom agus go comhsheasmhach. Is deis í freisin taithí a roinnt, dea-chleachtas a fhorbairt agus comhchaidrimh oibre a fheabhsú. D'fhreastail an Coimisiún Eorpach agus ionadaithe ó roinnt Ballstát eile ar an gceardlann.

I gcomhthéacs an líon méadaithe aeriompróirí atá mar chuid de struchtúir Ghrúpaí a bhfuil ceadúnais oibríochta acu i roinnt Ballstáit éagsúla, agus ag tógáil ar an bplé a rinneadh roimhe seo lenár gcomhghleacaithe i mBallstáit eile ar cheisteanna ceadúnaithe, d'aithníomar réimsí in 2019 ina bhféadfaimid a bheith ag obair níos dlúithe lenár gcomhghleacaithe sna húdaráis ábhartha laistigh de gach Ballstát. Baineann na réimsí sin le maoirseacht airgeadais agus úinéireacht agus rialú go háirithe.

Tá sé sin ag teacht le cuid de na moltaí a cuireadh chun cinn mar chuid de Mheastóireacht an CE ar Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 maidir le comhoibriú idir údaráis ábhartha laistigh de gach Ballstát ar cheisteanna amhail maoirseacht airgeadais. Tá baint aige freisin le hAlt 26 de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 maidir leis an gComhoibriú. Reáchtáladh roinnt cruinnithe/ cainteanna faoin ábhar sin lenár gcomhghleacaithe i mBallstáit eile agus tá sé i gceist againn an tionscnamh seo a chur chun cinn de réir mar is cuí.

## Ceaduithe um Láimhseáil ar an Talamh

Ag deireadh 2019, bhí 9 bhféinláimhseálaí ceadaithe ar an talamh (i.e. roghnaíonn an aerlíne go gcuirfidh sí seirbhísí láimhseála ar an talamh ar fáil di féin) agus 40 soláthraí ceadaithe seirbhísí láimhseála ar an talamh nó láimhseálaithe ceadaithe tríú páirtí ann (i.e. cuideachta atá i mbun seirbhísí láimhseála ar an talamh a chur ar fáil, cibé acu an mar aerlíne nó mar chuideachta thiomanta láimhseála ar an talamh é sin). De na féinláimhseálaithe ceadaithe, tá 3 cinn acu ceadaithe freisin chun seirbhísí láimhseála ar an talamh a chur ar fáil do thríú páirtithe. Cé gur fhan líon na bhféinláimhseálaithe seasta i rith 2019 ag 9 n-aerlíne, tháinig méadú ar líon na soláthraithe ceadaithe seirbhísí láimhseála ar an talamh toisc gur eisíodh 5 cheadú nua. Coimeádtar liosta iomlán suas chun dáta de na sealbhóirí ceadaithe ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Léirítear i gCairt 7 anailís ar líon na bhféinláimhseálaithe agus na soláthraithe ceadaithe seirbhísí láimhseála ar an talamh de réir aerfoirt.

## Cairt 7: Láimhseálaithe Ceadaithe de réir Cineáil agus Aerfoirt 2019

**Ceaduithe Seirbhísí Láimhseála ar an Talamh 2019**




I rith 2019, fuair an Coimisiún ocht n-iarratas ar cheadú mar sholáthraí seirbhísí láimhseála ar an talamh. Eisíodh cúig cheadú nua tríú páirtí do na cuideachtaí seo a leanas:

| Ainm na Cuideachta | Suíomh an Aerfoirt |
|---|---|
| Petrogas Group Limited | Baile Átha Cliath |
| Noonan Services Group Limited | An tSionainn |
| Empathy Aviation Limited | Baile Átha Cliath |
| Ferrari Logistics Ireland Limited | Baile Átha Cliath |
| ICTS (Ireland) Limited | Baile Átha Cliath agus an tSionainn |

Rinneadh an trí iarratas eile a bhí fágtha a dhúnadh i rith na bliana. Dúnadh dhá iarratas de réir ár dtreoir maidir le hiarratas a dhéanamh ar cheadú le haghaidh seirbhísí láimhseála ar an talamh de bharr easpa dul chun cinn, agus rinne an chuideachta is iarratasóir ceann amháin de na hiarratas a tharraingt siar.

Rinneadh an ceadú tríú páirtí a bhí i seilbh ICTS (UK) Limited, cuideachta bunaithe sa RA, a thabhairt suas go deonach i rith na bliana tar éis aistriú na foirne agus na gconarthaí reatha chuig cuideachta cláraithe in Éirinn, ICTS (Ireland) Limited.

An cuspóir a bhain leis an aistriú ná comhsheasmhacht oibríochtaí a chinntiú i gcomhthéacs Brexit. De réir Rialacháin 7 (2) de I.R. Uimh. 505 de 1998, ní mór go mbeadh soláthraithe seirbhísí láimhseála ar an talamh ag aerfoirt ábhartha Éireannacha bunaithe sa Chomhphobal chun rochtain a fháil ar an margadh láimhseála ar an talamh agus chun a bheith i dteideal Ceadú Láimhseála ar an Talamh.

I rith na bliana, rinne an Coimisiún iniúchadh ar, agus cheadaigh siad, iarratas a rinne Menzies Aviate (Ireland) Limited chun gníomhaíochtaí breise a chur leis an gCeadú atá aige faoi láthair. Cheadaigh an Coimisiún Noonan Group Services Limited freisin maidir le roinnt gníomhaíochtaí láimhseála ar an talamh a dhéanamh é féin, gníomhaíochtaí a bhí ligthe ar fhochonradh aige le ICTS (UK) Limited ag Aerfort na Sionainne roimhe sin.

Fuair an Coimisiún dhá iarratas bhreise ar leasuithe ag deireadh 2019 ó shealbhóirí ceadaithe tríú páirtí atá ann cheana a bhí ag lorg ceadaithe chun dul i mbun gníomhaíochtaí breise láimhseála ar an talamh/chun a bheith ag oibriú ag aerfort nua.

Bhí an dá iarratas sin fós á mbreathnú ag deireadh 2019, agus táthar ag fanacht ar thuilleadh doiciméadaithe i gcás amháin agus tá iniúchadh mionsonraithe á dhéanamh i gcás an iarratais eile.

Maireann gach ceadú a eisítear ar feadh tréimhse cúig bliana. Rinne an Coimisiún athnuachan ar sheacht cheadú in 2019 tar éis chomhlíonadh rathúil an phróisis athnuachana.

## Córas Éifeachtúil Ceadúnaithe a Oibriú

I rith na bliana, cuireadh na sealbhóirí ceadaithe ar fad faoi mhonatóireacht rialta chun comhlíonadh na Rialachán go léir maidir le hoiriúnacht airgeadais agus clúdach árachais, go háirithe, a chinntiú.

Ceann de na spriocanna straitéiseacha atá againn ná díriú ar láimhseálaithe ar an talamh a sholáthar in Éirinn atá sábháilte agus tréan ó thaobh an airgeadais de. Chun é sin a bhaint amach, is é an cuspóir atá againn ná díriú isteach ar chóras éifeachtúil ceadúnaithe a oibriú agus a chinntiú go bhfuileamar éifeachtach. I rith 2019, d'oibríomar chun líon moltaí a aithníodh in iniúchadh neamhspleách a rinneadh ar ár bpróisis cheadúnaithe in 2018 a chur i bhfeidhm. Tá an obair air sin ag leanúint ar aghaidh d'fhonn na moltaí atá fágtha a chur i bhfeidhm go luath in 2020.

Chomh maith leis sin, chuireamar i gcrích cuairteanna comhlíontachta ar chúig chuideachta cheadaithe láimhseála ar an talamh atá ag oibriú ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus na Sionainne.

Ag deireadh 2019, d'eisíomar féilire chomhlíontachta arís do shealbhóirí ceadaithe, féilire a tharraingíonn a n-aird ar na príomhdhátaí comhlíontachta i rith na bliana chun cabhrú leo na riachtanais éagsúla faisnéise a thiocfaidh chun cinn in 2020 a chomhlíonadh. I dteannta na féilire comhlíontachta, bhí achoimre ar na ceanglais monatóireachta agus chomhlíontachta uile a thiocfaidh chun cinn agus achoimre ar an bhfaisnéis a bhfuiltear ag súil lena fáil maidir le gach aighneacht. Chomh maith leis sin, tugtar liosta de na himeachtaí a mbíonn ceadú an Choimisiúin ag teastáil uathu roimh ré nó ar gá iad a fhógairt don Choimisiún roimh ré. Áirítear leis an mbileog achoimre faisnéise freisin ainm an duine teagmhála a d'ainmnigh gach cuideachta le bheith ina theagmhálaí leis an gCoimisiún maidir le gach ceist a bhaineann le monatóireacht chomhlíontachta.

Ag teacht le Rialachán 18 de I.R. Uimh. 505 de 1998, rinneamar iniúchadh ar na tuairisceáin bhliantúla staidrimh a chuir aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne isteach, chun a chinntiú go raibh an fhaisnéis cruinn maidir le líon agus ainmneacha na bhféinláimhseálaithe agus na soláthraithe seirbhísí láimhseála ar an talamh sa mhargadh. Mar chuid den iniúchadh bliantúil sin, seiceáiltear go bhfuil na cuideachtaí ábhartha a oibríonn sa mhargadh ceadaithe sna catagóirí cearta seirbhísí a dtugann siad fúthu.

## Ag obair le hAerfoirt

Leanamar orainn ag obair le haerfoirt ar cheisteanna láimhseála ar an talamh trí chruinnithe rialta a thionóil ar mhaithe le fáisnéis agus dea-chleachtas rialála a roinnt. I rith 2019, thángthas ar chomhaontú maidir le nós imeachta nua méadúcháin tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar conas is féidir cuspóirí ábhartha láimhseála ar an talamh a bhaint amach sa bhealach is éifeachtúla ag aerfoirt Éireannacha laistigh de scóip na gcreat reachtúla agus rialála atá i bhfeidhm cheana. Is córas é seo ina dhéantar aon neamhchomhlíontacht a thagann chun cinn a bhraith, agus déantar monatóireacht uirthi, ar bhealach éifeachtúil. Is éard atá i gceist le neamhchomhlíontacht ná aon sárú ar na Rialacha Iompraíochta faoi mar a fhoilsíonn na aerfoirt iad, i.e. aon imeacht a tharlaíonn a mbíonn tionchar suntasach aige ar oibriú sábháilte aerfoirt nó aon chleachtas míshábháilte a chleachtaíonn láimhseálaí ar an talamh go rialta. Má mheasann aerfoirt nach ndearna láimhseálaí ar an talamh fioriarracht dul i ngleic leis an neamhchomhlíontacht, cuirtear an cheist faoi bhráid an Choimisiúin de réir an nós imeachta méadúcháin a comhaontaíodh.

Cuirfear deis ar fáil don aerfort agus don láimhseálaí ar an talamh a gcás a chur faoi bhráid an Choimisiúin sula ndéanfar dréachtchinneadh. Mura bhfuil an Coimisiún sásta leis na hiarrachtaí a rinne an láimhseálaí ar an talamh chun dul i ngleic leis an gceist laistigh de 28 lá, déantar cinneadh deiridh agus déantar an Deonú Ceadaithe a tharraingt siar. D'eisigh na hAerfoirt agus an Coimisiún comhlitir chuig na sealbhóirí Ceaduithe maidir le seirbhísí láimhseála ar an talamh in Iúil 2019 chun an nós imeachta nua méadúcháin a chur in iúl dóibh.

## Bunrialachán Nua EASA (AE) 2018/1139

I Meán Fómhair 2018, tháinig an Rialachán nua do EASA agus do chóras eitlíochta na hEorpa (Rialachán (AE) 2018/1139) i bhfeidhm. Cuimsíonn an Rialachán nua ceanglais maidir le soláthar sábháilte seirbhísí láimhseála ar an talamh.

Tá obair á dhéanamh ag leibhéal EASA chun rialacha cur chun feidhme a fhoilsiú, rialacha a mbeidh sé de cheanglas ar láimhseálaithe ar an talamh cloí leo. Is é Údarás Eitlíochta na hÉireann an t-údarás inniúil maidir leis an mBunrialachán nua. Oibreoidh an Coimisiún agus Údarás Eitlíochta na hÉireann le chéile air sin toisc go mbeidh gá le breathnú conas a bheidh na rialacha cur chun feidhme, chomh luath agus a fhoilseofar iad, ag teacht leis an gcóras láimhseála ar an talamh atá ann cheana in Éirinn agus leis an bpróiseas Ceaduithe a riarann an Coimisiún. Táthar ag súil go mbeidh tuilleadh rannpháirtíochta ann maidir leis sin mar chuid dár bplean oibre do 2020, d'fhonn an creat rialála láimhseála ar an talamh a neartú agus rachfar i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha agus tabharfar an fhaisnéis is déanaí a dóibh de réir mar is gá.

## Brexit

I rith na bliana, choinnigh an Coimisiún sealbhóirí Ceadaithe do sheirbhísí láimhseála ar an talamh ar an eolas maidir leis an tionchar a imreofar ar cheadúnú de bharr Brexit agus leanfaidh sé ar aghaidh á dhéanamh in 2020.

In 2019, ba é an príomhaidhm a bhí againn ná aon sealbhóirí reatha Ceadaithe do sheirbhísí láimhseála ar an talamh atá bunaithe sa RA a aithint. De réir Rialachán 7 (2) de I.R. Uimh. 505 de 1998, ní mór go mbeadh soláthraithe seirbhísí láimhseála ar an talamh ag aerfoirt ábhartha Éireannacha bunaithe sa Chomhphobal chun rochtain a fháil ar an margadh agus chun a bheith i dteideal Ceadú Láimhseála ar an Talamh chun seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar in Éirinn.

Rinneadh na cuideachtaí a n-imreofar tionchar orthu a aithint agus cuireadh tús leis na cainteanna maidir le ceanglais cheadúnaithe tar éis Brexit.

## Comhoibriú

Cruinníonn an Coimisiún agus rannóg Slándála Eitlíochta Údarás Eitlíochta na hÉireann le chéile ar bhonn bliantúil chun réimsí comhspéise agus na codanna dár róil a thagann salach ar a chéile a phlé. I rith 2019, rinneadh caidreamh oibre níos dlúithe a chur chun cinn chun réimsí a aithint inar féidir linn comhoibriú agus muid ag dul ar aghaidh agus éireoidh an caidreamh sin níos dlúithe fós in 2020 agus muid ag teacht faoi chreat aonair an rialtóra nua eitlíochta.



# 04

# Ceadúnú Trádála Taistil



**Josephine O' Reilly**
Stiúrthóir Airgeadais agus Ceadúnaithe Trádála Taistil

Ball de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte in Éirinn is ea Josephine O'Reilly. Ghlac sí post leis an gCoimisiún in Aibreán 2001 agus is í an Stiúrthóir Airgeadais agus Ceadúnaithe Trádála Taistil í. Chomh maith leis sin, tugann sí tacaíocht sna réimsí ceadúnaithe aerlínte agus láimhseála ar an talamh.

## Na Rudaí a Dhéanaimid

Tá go leor ról ag an gCoimisiún sa réimse seo, agus tháinig athrú ar na róil sin i rith na bliana de bharr thrasuíomh Threoir (AE) 2015/2302.
Seo a leanas ár róil nuashonraithe:

1. Ceadúnais a eisiúint do ghníomhairí taistil agus tionscnóirí turas a bhfuil gnó acu i gceannach agus i ndíol turais thar lear.
2. Scéim bannaithe a riar do ghníomhairí taistil agus tionscnóirí turas atá bunaithe in Éirinn.
3. Cinntiú go gcomhlíonann eagraithe atá bunaithe laistigh den AE, a dhíolann nó a chuireann ar fáil pacáistí agus socraithe taistil cuidithe in Éirinn, go gcomhlíonann siad an ceanglas chun an Coimisiún a chur ar eolas faoi na nósanna imeachta árachais atá i bhfeidhm acu.
4. Cinntiú go gcuireann eagraithe atá bunaithe laistigh den AE, a dhíolann nó a chuireann ar fáil pacáistí agus socraithe taistil cuidithe in Éirinn, go gcuireann siad árachas ar fáil dá ndíolacháin in Éirinn.
5. An Ciste Cosanta Taistealaithe (a tógadh trí thobhach a ghearradh ar phaisinéirí tionscnóirí turas idir 1983 agus 1987) a riar. Ní bhaineann sé sin ach le gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas ceadúnaithe amháin.
6. Éilimh maidir le haisíocaíochtaí agus aisdúichiú a phróiseáil i gcás nach féidir le gnó rialaithe a chuid dualgais a chomhlíonadh.
7. Imscrúdú a dhéanamh ar chásanna de thrádáil mhídhleathach líomhnaithe agus ionchúiseamh a dhéanamh nuair is gá.

## Treoir (AE) 2015/2302 maidir le Saoirí Réamhháirithe agus Socruithe Taistil Cuidithe

Shínigh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Ionstraimí Reachtúla 80 agus 105 de 2019 ar an 11 Márta 2019 agus ar an 26 Márta 2019 faoi seach, chun éifeacht a thabhairt don Treoir.

Faoin reachtaíocht nua, ní mór do gach eagraí taistil atá bunaithe in Éirinn árachas dóthanach a chur ar fáil chun aisíocaíochtaí agus costais aisdúichithe a chlúdach sa chás go mbeadh dócmhainneacht ann maidir le taistil réamhháirithe agus socruithe taistil cuidithe a dhíoltar nó a chuirtear ar fáil lena ndíol san AE. Ní mór d'eintitis atá bunaithe in Éirinn na ceanglais faoin Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982 (arna leasú) a chomhlíonadh freisin.

Tá sé de cheanglas ar eagraithe taistil atá bunaithe lasmuigh d'Éirinn ach laistigh den AE nádúr agus méid an árachais atá acu chun a gcuid gcustaiméirí a chosaint a chur in iúl don Choimisiún, maidir le taistil réamhháirithe nó socruithe taistil cuidithe a dhíoltar nó a chuirtear ar fáil lena ndíol in Éirinn.

Tá sé de cheanglas ar eagraithe atá bunaithe lasmuigh den AE fianaise a thabhairt don Choimisiún maidir leis an árachas atá acu chun a gcuid gcustaiméirí a chosaint, maidir le taistil réamhháirithe agus socruithe taistil cuidithe a dhíoltar nó a chuirtear ar fáil lena ndíol in Éirinn.

Go hachomair, ní gá do chuideachtaí atá bunaithe taobh amuigh d'Éirinn iarratas a dhéanamh ar cheadúnas ón gCoimisiún. Fágann na heintitis sin córas ceadúnaithe na hÉireann ach ní mór dóibh na socruithe dócmhainneachta atá i bhfeidhm acu chun a gcuid díolachán in Éirinn a chlúdach a chur in iúl don Choimisiún. Mar shampla, bunaíodh 45 de na heintitis sin sa RA agus bhí clúdach ATOL i bhfeidhm acu. Dhearbhaigh an Coimisiún go gclúdaíonn ATOL neamhchosaint Éireannach. Rinneadh 8 n-eintiteas eile a bhunú áit eile san AE agus chuir siad an Coimisiún ar an eolas maidir le nádúr agus méid an árachais atá acu do dhíolacháin ábhartha in Éirinn. Chomhlíon 2 chuideachta eile atá bunaithe lasmuigh den AE an ceanglas seo.

Chomh maith leis sin, fuaireamar, nó dhearbhaíomar, an t-árachas a chuireann 3 aerlíne atá bunaithe in Éirinn ar fáil maidir le díol shocruithe taistil cuidithe san AE.

Sholáthair na heintitis cheadúnaithe go léir atá bunaithe in Éirinn agus a dhíol taistil réamhháirithe nó socruithe taistil cuidithe, áit ar thosaigh an taisteal i mBallstát eile, sholáthair siad árachas breise don Choimisiún i dtaobh na ndíolachán sin.

I rith na bliana, d'eisíomar treoir chuig an tionscal maidir leis na ceanglais nua de réir mar a rinneadh iad a thrasuí i ndlí na hÉireann. Rinneamar an treoir sin a thabhairt suas chun dáta de réir mar a d'fhorbair ár dtuiscint ar na ceanglais sin i rith na bliana.

Rinneamar na foirmeacha ábhartha ar fad a uasdátú i bhfianaise na gceanglas nua i rith na bliana.

Ghlacamar páirt i gceardlann faoin Treoir um Thaisteal Réamháirithe ag an gCoimisiún Eorpach i Meitheamh. Ag an gcruinniú ain, phléamar go mion: - léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na Treorach, ceisteanna dócmhainneachta, cumarsáid idir pointí lárnacha teagmhála agus bealaí chun faisnéis agus forfheidhmiú a fheabhsú.

Ós rud é gur muidne an phointe lárnach teagmhála d'Éirinn faoin Treoir, d'fhreagraíomar ceisteanna a fuaireamar ó Bhallstáit eile maidir leis an árachas atá i bhfeidhm ag eintitis in Éirinn.

## Eintitis atá Bunaithe in Éirinn

Faoi na socruithe nua, tugadh rogha do na heintitis atá bunaithe in Éirinn. Bhí sé de rogha acu ceadúnas a fháil agus páirt a ghlacadh sna socruithe cosanta dóchmainneachta atá ann cheana nó gan ceadúnas a fháil agus árachas leordhóthanach a chur ar fáil don Choimisiún. Roghnaigh gach ceann acu a gceadúnais a coinneáil do dhíol pacáistí nó socruithe taistil cuidithe a thosaigh in Éirinn.

Ag deireadh 2019, bhí ceadúnas ag 211 cuideachta taistil ón gCoimisiún chun oibriú mar ghníomhaire taistil nó mar thionscnóir turas in Éirinn.

**Tábla 3: Líon Ceadúnas 2019**

| | Gníomhairí Taistil | Tionscnóirí Turas | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Sealbhóirí ceadúnais, 1 Eanáir 2019 | 196 | 35 | 231 |
| Ceadúnais Nua | 9 | 1 | 10 |
| Ceadúnais nár athnuadh | 25 | 5 | 30 |
| Sealbhóirí ceadúnais, 31 Nollaig 2019 | 180 | 31 | 211 |


I rith na bliana, d'fhág 30 cuideachta ár gcóras ceadúnaithe. Ba as Ballstáit eile den AE 15 acu siúd (ón RA, go príomha) nach ndearna a gceadúnais a athnuachan.

d'fhág 13 shealbhóir Éireannacha ceadúnais an margadh i rith na bliana, ar chúiseanna éagsúla; níor ghnóthaigh 8 gcinn acu láimhdeachas in-cheadúnaithe mar a shainítear é sa reachtaíocht, cheannaigh sealbhóirí eile ceadúnais punainn 3 cinn acu agus tá 2 cheann acu nach bhfuil ag trádáil a thuilleadh.

D'eisíomar ceadúnais do 10 n-iarrthóir nua. Fuaireamar breis is 140 ceist faoi cheadúnais nua i rith na bliana.



**Cairt 8: Gníomhairí Taistil & Tionscnóirí Turas Ceadúnaithe, 2019**




Tá líon na gceadúnas ag titim le blianta beaga anuas.

## Eochairtháscairí Feidhmíochta

Bíonn dhá bhabhta ceadúnaithe ann gach bliain (Bealtaine agus Samhain). Ba iad seo a leanas torthaí na n-eochairtháscairí feidhmíochta a cuireadh i bhfeidhm ar na babhtaí sin in 2019: -

**Tábla 4: Táscairí Feidhmíochta 2019**

| ETF | Toradh |
|---|---|
| Freagra a thabhairt d'iarratasóirí taobh istigh de sheachtain amháin ón teagmháil tosaigh | 100% |
| Eisiúint na litreach um Chinneadh i bPriosabal laistigh de mhí amháin ó dháta taiscthe an iarratais chomhlánaithe | 100% |
| Eisiúint an cheadúnais laistigh de dhá sheachtain tar éis an Bhanna/na ndoiciméad go léir a fháil | 99% |
| Iniúchadh ar na cuntais bhliantúla laistigh de shé seachtaine tar éis iad a fháil | 98% |
| Céatadán áitribh na gceadúnaithe ar tugadh cuairt orthu sa bhliain (lena n-áirítear cruinnithe ag an gCoimisiún). Sprioc 20% sa bhliain | 115% |

Mhéadaíomar ár dteagmháil leis an tionscal i mbliana. Bhaineamar amach ár ETF de 50 cruinniú, rud a sheasann do 23% de na sealbhóirí ceadúnais go léir. Is ionann é sin agus méadú ó 44 (20%) in 2018.

I rith na bliana, bhí ár gcruinnithe dírithe ar na ceanglais nua a mhíniú, le cinntiú go bhfuil an leibhéal ceart árachais i bhfeidhm agus chun eolas a chur ar na córais atá i bhfeidhm i ngach gnólacht.

## Monatóireacht Airgeadais

Déantar measúnú ar oiriúnacht airgeadais gach eintitis mar chuid den phróiseas ceadúnaithe agus déantar monatóireacht leanúnach orthu freisin. Déantar monatóireacht leanúnach freisin ar na leibhéil bhannaithe. Faighimid ráitis bhliantúla airgeadais agus cuntais bhainistíochta ar bhonn ráithiúil, mhíosúil nó ar bhonn ad hoc. In 2019, leanamar orainn ag déanamh athbhreithniú ar ár gcreataí ceadúnaithe agus monatóireachta ar mhaithe leis an bpróiseas a shimpliú nuair is féidir.

I rith na bliana, mhéadaíomar an leibhéal monatóireachta leanúnaí a bhí ar siúl againn trí iarraidh ar na gnólachtaí ceadúnaithe go léir cuntais rialta bhainistíochta a chur chugainn. Bhí sé sin an tairbheach agus tá ailíniú níos fearr ann anois idir leibhéil bhannaithe agus láimhdeachas in-cheadúnaithe dá bharr.

Chomh maith leis sin, rinneamar measúnú ar oiriúnacht airgeadais eintiteas nach bhfuil de cheanglas orthu ceadúnas a bheith acu. Is leibhéal éagsúil monatóireachta é sin, ós rud é go gcuireann na cuideachtaí sin árachas lánslánaíochta ar fáil don Choimisiún maidir lena ndíolacháin Éireannacha.

## Comhlíonadh Monatóireachta

In 2019, rinneamar imscrúdú ar dheich ngearán maidir le trádáil féideartha neamhcheadúnaithe. Chomh maith leis sin, thugamar roinnt cuairteanna ar chuideachtaí a raibh amhras ann ina leith go raibh trádáil neamhcheadúnaithe ar bun acu.

## Cosaint Tomhaltóirí

### Tábla 5: Láimhdeachas faoi Cheadúnú agus Bannú

| Eintitis Cheadúnaithe | 2019 (€m) | | 2018 (€m) | |
|---|---|---|---|---|
| | Banna | Láimhdeachas Incheadúnaithe Réamh-mheasta (PLTO)[5] | Banna | PLTO |
| Gníomhaire Taistil (4%) | 42 | 1,050 | 43 | 1,083 |
| Tionscnóir Turas (10%) | 16 | 165 | 19 | 180 |
| **Iomlán** | **58** | **1,215** | **62** | **1,263** |

Faoin reachtaíocht atá ann, tá ceanglas ar ghníomhairí taistil, tionscnóirí turas, miondíoltóirí agus eagraithe socruithe a chur i bhfeidhm a thugann cosaint don tomhaltóir má scoireann comhlacht de bheith ag trádáil. É sin ráite, níl na socruithe atá i bhfeidhm ar aon réim agus bíonn leibhéil éagsúla clúdaigh ag tomhaltóirí ag brath ar cad a cheannaíonn siad agus cé óna gceannaíonn siad é.

Ní mór do gach ceadúnaí banna a chur ar fáil don Choimisiún agus déantar luach an bhanna sin a ríomh mar chéatadán den láimhdeachas incheadúnaithe réamh-mheasta. Is ionann luach na mbannaí le haghaidh gníomhairí taistil faoi láthair ná 4% agus is ionann a luach do thionscnóirí turas agus 10%. Má tharlaíonn dócmhainneacht, úsáideann an Coimisiún na bannaí sin chun aisíocaíochtaí a chur ar fáil do chustaiméirí ábhartha na cuideachta dócmhainní. Sa chás nach gclúdaíonn an banna costas iomlán na n-éileamh, clúdaíonn an Ciste um Chosaint Taistealaithe an t-easnamh. Tá €1.3m sa chiste sin i láthair na huaire.

Má cheannaíonn an tomhaltóir ó chuideachta atá bunaithe i mBallstát eile, clúdaíonn na socruithe atá i bhfeidhm sa Bhallstát sin iad. Mar bheart cosanta ó dhócmhainneacht, cuireann cuideachtaí atá bunaithe lasmuigh den AE árachas lánslánaíochta ar fáil don Choimisiún.

In 2017, chuir an Coimisiún tús le hathbhreithniú ar na socruithe bannaithe atá i bhfeidhm agus ar oibriú an Chiste um Chosaint Taistealaithe chun a chinntiú go raibh siad ag comhlíonadh cuspóirí na scéime go héifeachtúil, agus ag cur leibhéal cuí cosanta ar fáil don phobal atá ag taisteal. Ag deireadh na chéad chéime den obair sin, rinneamar amach go mb'fhéidir nach bhfuil an leibhéal cosanta atá ann do thomhaltóirí faoi láthair dóthanach agus go mb'fhéidir go bhfuil gá le hathruithe a dhéanamh ar an scéim.

Tar éis thrasuíomh na Treorach i ndlí na hÉireann i Márta 2019, bhreathnaíomar ar na rudaí seo a leanas (a) na bearta ar gá iad a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil leibhéal leordhóthanach árachais airgeadais ann do thomhaltóirí, (b) na modhanna is oiriúnaí atá ann chun an Ciste um Chosaint Taistealaithe a athshlánú agus a oibriú, (c) pleananna mionsonraithe cur chun feidhme, agus (d) aon cheist eile atá ábhartha chun a chinntiú go bhfuil cosaint éifeachtach ann do thomhaltóirí fós. D'eisíomar tuarascáil i Lúnasa 2019 a rinne measúnú ar dornán roghanna athchóirithe agus páipéar comhairliúcháin.

Tar éis an chomhairliúcháin sin, ag deireadh 2019, d'eisíomar Páipéar an Choimisiúin 9/2019 Bearta Cosanta do Thomhaltóirí na Trádála Taistil - Comhairle don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Mholamar gur cheart an socrú atá ann faoi láthair maidir le bannaí ar leibhéal na gcuideachtaí agus rogha cúltaca ann a choinneáil – ach roinnt athraithe a dhéanamh air.

## Teipeanna Comhlachtaí

Níor theip ar aon chuideachta in 2019. D'oibrigh an Coimisiún chun aon éileamh a bhí fós amuigh ó 2018 a íoc.

## EGFATT

Is ball den Chomhlachas Eorpach um Chistiú a Ráthú do Thaisteal agus Turasóireacht (EGFATT) é an Coimisiúin. Is eagraíocht uile-Eorpach í a bunaíodh in 2011, agus a bhfuil mar aidhm chomhchoitinn aici an pobal atá ag taisteal a chosaint ar dhócmhainneacht airgeadais tionscnoirí turas agus gníomhairí taistil agus faisnéis agus dea-chleachtas a roinnt.

D'óstálamar cruinniú ginearálta den EGFATT i mBaile Átha Cliath ar an 6 agus 7 Meitheamh. Tugadh na baill suas chun dáta maidir le teip chuideachtaí i mBallstáit eile, stádas gach ciste agus na forbairtí ónar tugadh isteach Treoir 2105/2302.

5 Láimhdeachas Incheadúnaithe Réamh-mheasta

## Comhdhálacha

Ghlac an Coimisiún páirt i gComhdháil Bhliantúil ITAA in Cordoba na Spáinne ar an 18 Deireadh Fómhair 2019, agus rinne sé cur i láthair ann. Roinneamar an t-eolas is déanaí faoinár mbabhtaí ceadúnaithe, rinneamar cur síos ar thionchar thrasuíomh Threoir 2105/2302 in Éirinn, agus leagamar amach an cás mar atá faoi láthair maidir lenár gcuid oibre ag cabhrú leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe cosanta do thomhaltóirí.

## Gníomhaíochtaí Eile

Ar an 24 Deireadh Fómhair, rinneamar cur i láthair os comhair mhic léinn Dhlí an Ghnó & na Turasóireachta in Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach. Rinneamar cur síos ar na róil éagsúla atá ag an gCoimisiún do na mic léinn agus leagamar amach an creat dlíthiúil atá mar bhonn ag gach ról ar leith. B'fhiontar nua é sin don fhoireann agus thaitin sé go mór linn tabhairt faoi.

## Ag Breathnú Chun Cinn

Beidh 2020 ina bhliain ghnóthach arís don fhoireann. Déanfaimid maoirseacht ar dhá bhabhta ceadúnaithe agus leanfaimid orainn ag cinntiú go bhfuil an t-árachas is gá ag eagraitheoirí atá ag díol agus ag tairscint taistil réamhháirithe agus socruithe taistil cuidithe in Éirinn/san AE. Leanfaimid orainn a bheith ag obair le páirtithe leasmhara chun cásanna ina líomhnaítear go bhfuil trádáil neamhdhleathach ar siúl a imscrúdú. Leanfaimid freisin lenár n-iarrachtaí chun ár bpróisis agus nósanna imeachta a shimpliú agus a dhéanamh níos éifeachtaí.

Oibreoimid leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir leis an athbhreithniú atá ar bun acu ar shocruithe cosanta do thomhaltóirí. Leanfaimid lenár n-iarrachtaí rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a mhéadú.



# 05

# Cearta Aerphaisinéirí



In 2019, fuair an Coimisiún gearáin agus ceisteanna scríofa ó 4,682 duine, méadú de bheagán níos mó ná 4% ar an líon a fuarthas in 2018. Fuaireamar freisin 1,857 glao teileafóin ó 1,609 duine, laghdú 32% ar an mbliain seo caite. Feabhsú san am a thóg sé gearáin a imscrúdú agus laghdú i líon na n-iarratas uasdátaithe ba chúis le cuid dó sin, is cosúil. Mar thoradh ar athruithe a rinneadh ar ár gcóras inmheánach teileafóin agus ar ár suíomhanna gréasáin ag deireadh 2018, chonacthas laghdú ar líon na nglaonna neamhfheidhmithe a fuair an fhoireann.

Bhain cuid mhaith de na teagmhálacha sin le hiarratas ar fhaisnéis faoi chearta paisinéirí agus faoin nós imeachta chun gearán a dhéanamh. Cuid eile díobh, áfach, bhain siad le ceisteanna atá lasmuigh dár sainchúram; e.g. gearáin faoi bhagáiste, ceisteanna sábháilteachta agus ceisteanna faoi phraghasanna. Áit a raibh sé de chumas againn déanamh amhlaidh, threoraíomar daoine chuig an údarás cuí inniúil chun go ndéileálfaí lena ngearáin.

Fuaireamar 1,940 gearán san iomlán trí mheán ár dhá bhfoirm gearáin ar líne. Díobh siúd, rinneadh 39 díobh ag úsáid na foirme gearáin do Rialachán 1107/2006 a bhaineann le cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine atá faoi mhíchumas luaineachta nuair a bhíonn siad ag aerthaisteal.

Ní raibh ach 13 de na gearáin sin laistigh de scóip an Rialacháin agus bhí 12 díobh laistigh dár sainchúram.

Bhain na 1,901 gearán eile le sáruithe féidearthachta ar Rialachán 261/2004. Ní chlúdaíonn sainchúram an Choimisiúin ach eitiltí a fhágann aerfoirt Éireannacha agus eitiltí a thagann isteach go haerfoirt Éireannacha ó lasmuigh den AE le hiompróirí a bhfuil ceadúnas san AE acu.

## Cealuithe, Moilleanna, Daoine nár Tugadh Cead Dóibh Dul ar Bord agus Íosghráduithe

De na 1,901 gearán a bhain le Rialachán (CE) 261/2004 (laghdú de 18% i gcomparáid le 2018, ach méadú suntasach ar an bhfigiúr do 2017 fós), bhain 206 díobh le heitiltí ag fágáil aerfoirt i mBallstáit eile nó le heitiltí a tháinig isteach ina leithéid d'aerfoirt ó thríú tíortha (tíortha neamh-Bhallstáit) arna oibriú ag iompróirí a raibh ceadúnas sa Chomhphobal acu. Rinneadh na paisinéirí sin a threorú chuig an údarás ábhartha forfheidhmithe ina dhiaidh sin.

Fuarthas go raibh 75 de na gearáin neamhbhailí mar go raibh siad lasmuigh de scóip an rialacháin agus gur dhúblaigh iad 60 de na gearáin.

Ba ghearáin bhailí iad na 1,560 gearán a bhí fágtha agus bhí gá ann go ndéanfadh an Coimisiún imscrúdú iomlán orthu. De na gearáin sin, cuireadh 1,212 díobh i gcrích, tá 348 díobh fós á n-imscrúdú, agus tá 46 díobh sin ag feitheamh le himeachtaí forfheidhmithe, agus tá 127 díobh ar fionraí fad agus atáimid ag feitheamh ar níos mó faisnéise ón bpaisinéir. Léirítear an miondealú ar thorthaí na 1,212 cás atá curtha i gcrích i dTábla 6.

**Tábla 6: Gearáin ó Aerphaisinéirí de réir Cineáil**

| Cineál Gearáin | Líon na nGearán Bailí | % |
|---|---|---|
| Cealuithe | 519 | 33 |
| Moill fhada | 962 | 62 |
| Cead bordála diúltaithe | 76 | 5 |
| Ísliú céime | 3 | 0 |
| Uasghrádú | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **1,560** | **100** |

Rinneadh 279 de na cásanna sin a tharraingt siar de bharr easpa fianaise thacaíochta (226) nó níor ceadaíodh iad (53) mar gur léirigh an t-imscrúdú nach raibh na cúinsí a bhí i gceist leis an gcur isteach laistigh de scóip an Rialacháin.


I 453 de na cásanna, fuarthas amach gur bhain an cur isteach le himthosca urghnácha a bhí lasmuigh de smacht na haerlíne, agus chonacthas gur ghlac an aerlíne bearta réasúnta chun an cur isteach ar an eitilt a chosc. Chiallaigh sé sin nach raibh na paisinéirí ar cuireadh isteach orthu i dteideal cúiteamh a fháil.

I 461 cás, chinn ár n-imscrúdú gur ghá cúiteamh a íoc, agus rinneadh é a íoc leis an bpaisinéir. In 31 de na cásanna sin, fuair an paisinéir aisíocaíocht dá speansas freisin agus i 73 cás eile fuair an custaiméir aisíocaíocht de chostas a thicéad nó íocadh a speansas leis ach ní raibh sé i dteideal cúiteamh a fháil.

I 5 chás eile, inar theip ar an bpaisinéir a dhóthan faisnéise a chur ar fáil, ní bhfuair an paisinéir cúiteamh ar bith, ach rinneadh sárú ar an rialachán a bhreacadh síos i gcoinne na haerlíne.

Fuair an Coimisiún €741,340 do phaisinéirí a chuir isteach gearán in 2019: €648,475 i bhfoirm chúitimh agus €92,865 in aisíocaíochtaí.

**Cairt 9: Torthaí Gearán le hAerphaisinéirí a Cuireadh i gCrích in 2019 amhail ar an 02/01/2020**




## Gearáin de réir an Aeriompróra

Rinneadh gearáin i gcoinne 56 aeriompróir a imscrúdú i rith na bliana. Aer Lingus ba chúis le 31% de na gearáin sin (485), Ryanair ba chúis le 28% (433) agus Norwegian le 4% (62). Vueling, KLM, Lufthansa agus TUI ba chúis le 3% de na gearáin an cheann.

De na 1,212 imscrúdú a cuireadh i gcrích, ceadaíodh 650 nó 44% díobh agus níor ceadaíodh 56% díobh.

Bhí éagsúlacht ann ó thaobh chéatadán na gcásanna a cuireadh i gcrích de a bhain leis na haerlínte thuasluaite: bhí Vueling (67%), Norwegian (60%), KLM (55%) agus Aer Lingus (55%) os cionn an mheánráta, agus bhí TUI (36%), Ryanair (29%) agus Lufthansa (27%) beagáinín faoin meán.

De na 348 gearán a bhí fós á n-imscrúdú ag deireadh na bliana, baineann 80 (23%) san iomlán le Aer Lingus agus 63 (18%) le Ryanair.

Léirítear i dtábla 7 thíos roinnt faisnéise inchomparáide do na haerlínte go léir a bhfuaireamar 10 ngearán nó níos mó ina gcoinne.

**Tábla 7: Toradh na nImscrúduithe de réir Aerlíne**

| Aerlíne | Líon Iomlán na nGearán 2019 | Cion na nGearán (%) | Líon na nGearán a Cuireadh i gCrích | Líon na nGearán a Ceadaíodh | Na Gearáin i gCoinne na hAerlíne a Ceadaíodh (%) | Na Gearáin nár Ceadaíodh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Aer Lingus | 485 | 31% | **405** | 221 | **55%** | 184 |
| Ryanair | 433 | 28% | **370** | 106 | **29%** | 264 |
| Norwegian Airlines | 62 | 4% | **48** | 29 | **60%** | 19 |
| Vueling | 43 | 3% | **30** | 20 | **67%** | 10 |
| KLM | 43 | 3% | **33** | 18 | **55%** | 15 |
| Lufthansa | 43 | 3% | **33** | 9 | **27%** | 24 |
| TUI | 42 | 3% | **33** | 12 | **36%** | 21 |
| ASL Airlines | 34 | 2% | **0** | 0 | **0%** | 0 |
| United Airlines | 33 | 2% | **19** | 10 | **53%** | 9 |
| American Airlines | 31 | 2% | **21** | 9 | **43%** | 12 |
| Swiss Airlines | 30 | 2% | **26** | 17 | **65%** | 9 |
| Turkish Airlines | 27 | 2% | **21** | 2 | **10%** | 19 |
| Iberia | 24 | 2% | **21** | 18 | **86%** | 3 |
| British Airways | 23 | 1% | **18** | 8 | **44%** | 10 |
| TAP Portugal | 19 | 1% | **11** | 7 | **64%** | 4 |
| Air France | 17 | 1% | **13** | 8 | **62%** | 5 |
| Air Canada | 15 | 1% | **12** | 8 | **67%** | 4 |
| Ernest Airlines | 14 | 1% | **5** | 3 | **60%** | 2 |
| SAS | 14 | 1% | **11** | 5 | **45%** | 6 |
| Delta | 10 | 1% | **7** | 2 | **29%** | 5 |
| Air Arabia | 10 | 1% | **2** | 0 | **0%** | 2 |
| Eile (35 aerlíne) | 108 | 7% | **73** | 27 | **37%** | 46 |
| **Iomlán** | **1,560** | **100%** | **1,212** | **539** | **44%** | **673** |

## Daoine faoi Mhíchumas Luaineachta

Bhain 26 de na 39 gearán a cuireadh isteach ag úsáid fhoirm ghearáin Rialacháin (CE) 1107/2006 le ceisteanna nárbh fhéidir déileáil leo faoin rialachán sin. Na 13 ghearán a bhí fágtha, ba ghearáin bhailí iad agus bhí gá iad a imscrúdú. Cuireadh ceann de na gearáin sin ar aghaidh go dtí an Comhlacht Náisiúnta Forfheidhmiúcháin i mBallstát eile mar gur tháinig sé faoina shainchúram.

I measc na gceisteanna a tháinig chun cinn sna 12 chás eile, a bhain le heachtraí a tharla ag aerfoirt Éireannacha nó le heachtraí a tharla i rith eitiltí a d'fhág aerfort Éireannach, bhí na nithe éagsúla seo a leanas:

- Beartais shuíocháin aerlínte, áit ar chuir paisinéirí suíocháin in áirithe agus gur dúradh leo ina dhiaidh sin nárbh fhéidir leo na suíocháin réamhháirithe sin a úsáid, nó, gur bogadh iad go suíocháin eile agus iad ag bordáil.
- Easpa rochtain phoiblí, i bhformáid inrochtana, ar na rialacha agus beartais shábháilteachta a chuireann aerlínte i bhfeidhm maidir le hiompar daoine atá faoi mhíchumas agus daoine atá faoi mhíchumas luaineachta, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hiompar trealaimh mhíochaine agus luaineachta agus beartais shuíocháin.
- Easpa comhsheasmhachta i gcumarsáid agus i gcur i bhfeidhm beartais agus rialacha na n-aerlínte.

- Caighdeán an chúnaimh a fuair an paisinéir agus é ag dul ar bord nó ag tuirlingt den aerárthach.
- Caighdeán an chúnaimh a fuair an paisinéir ag an aerfort, lena n-áirítear i rith dó seiceáil isteach agus ag dul tríd an tslándáil.
- Caighdeán an chúnaimh, mar atá leagtha amach sa Rialachán, a cuireadh ar fáil do phaisinéirí a ndearnadh damáiste dá dtrealamh luaineachta.

Cuireadh i gcrích deich gcinn de na gearáin agus breacadh síos gur tharla sárú ar an rialachán i ngach ceann díobh. Fuarthas réiteach ar an gcuid is mó díobh cheana féin agus aerlínte/aerfoirt ag aontú go nglacfaidís gníomh ceartaitheach agus déanfaidh an Coimisiún monatóireacht ghrinn le cinntiú go bhfuil comhlíonadh leanúnach ann.

## Obair Eile

I rith na bliana, rinneamar iniúchadh ar gach aerfort in Éirinn a bhfágann eitiltí sceidealaithe paisinéirí uathu. Ba é an cuspóir a bhí leis na hiniúchtaí sin ná:

- monatóireacht a dhéanamh ar an gcúnamh a thugann comhlachtaí bainistíochta aerfoirt do dhaoine atá faoi mhíchumas luaineachta de réir Rialacháin 1107/2006;
- measúnú a dhéanamh ar inrochtaineacht an aerfoirt agus a chinntiú gur féidir le gach paisinéir an tseirbhís chúnaimh a aimsiú agus a rochtain go héasca, agus
- cinntiú go gcuireann na haeriompróirí an téacs atá leagtha amach i Rialachán 261/2004 ar taispeáint ag a ndeasca seiceáil isteach agus ag a mbothanna agus, chomh maith leis sin, go dtugann siad an fhaisnéis cheart do phaisinéirí a gcuirtear isteach orthu de bharr moilleanna fada eitiltí, cealuithe agus cásanna ina ndiúltaítear cead bordála dóibh.

Rinneamar roinnt athruithe ar ár bpróiseas iniúchta. Ina theannta sin, den chéad uair riamh, ghlac baill den phobal páirt sna hiniúchtaí linn, daoine ar úsáideoirí rialta iad den chúnamh a chuirtear ar fáil faoi Rialachán 1107/2006, chomh maith le roinnt ionadaithe ó ghrúpaí abhcóideachta do dhaoine faoi mhíchumas.

Bhí rannpháirtíocht na ndaoine sin sna hiniúchtaí, go háirithe iad siúd a úsáideann na seirbhísí go rialta, an-luachmhar don Choimisiún agus do na haerfoirt. De bhuí a gcuid taithí agus aiseolais, cuirfear i bhfeidhm athruithe ag roinnt aerfoirt Éireannacha chun feabhas a chur ar eispéireas phaisinéirí atá faoi mhíchumas nó atá faoi mhíchumas luaineachta. Tá sé beartaithe againn leanúint orainn ag comhoibriú go dlúth le húsáideoirí seirbhíse amach anseo.

Bhíomar i láthair ag cruinnithe náisiúnta agus idirnáisiúnta faoin dá rialachán, lenar áiríodh na cruinnithe sin a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach, an Chomhdháil Eorpach um Eitlíocht Shibhialta agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus ghlacamar páirt iontu.

I mBealtaine 2019, d'ordaigh an Coimisiún do Ryanair cúiteamh a íoc le cúigear paisinéirí ar cuireadh a n-eitiltí ar ceal de bharr stailceanna phiolótaí Ryanair in Iúil 2018. Rinne Ryanair achomharc in aghaidh an chinnidh trí mheán iarratas a dhéanamh ar Athbhreithniú Breithiúnach. Rinneadh an t-ábhar a liostáil lena éisteacht os comhair na hArd-Chúirte ar an 21 Eanáir 2020.

06

# Seirbhísí Corparáideacha



**Brian Higgins**
Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha

Comhalta is ea Brian Higgins den Institiúid Chairte um Pearsanra agus Forbairt agus ghlac sé post leis an gCoimisiún i mí Iúil 2016 mar Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha tar éis dó a ghairm bheatha a chaitheamh in Acmhainní Daonna agus in Oibriúchán sna hearnálacha déantúsaíochta, airgeadais agus eitlíochta. Tá sé freagrach as Acmhainní Daonna, rialachas corparáideach, sláinte agus sábháilteacht, saoráidí, bainistíocht TFC agus caidreamh poiblí.

## Acmhainní Daonna

In 2019, bhí 22 fostaí coibhéise lán-aimseartha ar an meán fostaithe ag an gCoimisiún (féach ar an aguisín). Íoctar baill foirne ag rátaí ar féidir a chur i gcomparáid go díreach le poist sa tSeirbhís Phoiblí agus tá na rátaí ar fad ceadaithe ag an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe. Tá solúbthacht i struchtúr ár n-eagraíocht agus inár gcúraimí poist mar chuid lárnach den tseirbhís a chuirimid ar fáil agus beidh amach anseo freisin.

Maidir le gníomhaíochtaí a thacaíonn lenár gcuspóir straitéiseach creat rialála a fhreagraíonn don chleachtas idirnáisiúnta is fearr a bhaint amach, rinneamar pleananna oideachais/forbartha agus fórsa saothair a ailíniú bunaithe ar anailís ar riachtanais scileanna agus cumais an Choimisiúin, agus chuireamar na pleananna sin i bhfeidhm. Agus ár bPlean Straitéiseach curtha i bhfeidhm againn, chuireamar Plean Fórsa Saothair faoi bhráid na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ag lorg acmhainní breise chun a chinntiú gur féidir linn an plean sin a chur i gcrích.

Cuireadh an chéad chéim den phlean i bhfeidhm cheana agus tá cur i bhfeidhm an dara céim beartaithe do lár 2020. Tá na róil sin ríthábhachtach chun ár gcuspóir do pháirtithe leasmhara agus don phobal atá ag taisteal a sheachadadh. I measc na dtionscnamh eile Acmhainní Daonna a cuireadh i bhfeidhm in 2019, bhí cláir a bhain le Lá Idirnáisiúnta na mBan agus Lá Domhanda na Meabhairshláinte, chomh maith le gníomhaíochtaí neartaithe foirne. Leanfaidh Seirbhísí Corparáideacha le forbairt agus cur i bhfeidhm cleachtas straitéiseach Acmhainní Daonna chun tacaíocht a thabhairt do chuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin.

## Scéimeanna Aoisliúntais

Oibríonn an Coimisiún dhá scéim pinsin. Bunaíodh scéim le sochar sainithe faoin Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. Ón 1 Eanáir 2013, caithfidh gach fostaí nua dul isteach i Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (mura gceadaítear dóibh dul isteach i scéim an Choimisiúin le sochar sainithe).

Déantar an dá scéim pinsin a riar de réir na gceanglas reachtúla agus tá na fostaithe gníomhacha atá ann faoi láthair roinnte 60/40 idir Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (SPSPS) agus an Scéim le Sochar Sainithe (DB), faoi seach.

## Sláinte agus Sábháilteacht

De bhua cur chuige réamhghníomhach i leith na sláinte agus na sábháilteachta, cuirimid i gcrích go rialta anailís ghuaise agus athbhreithnithe ar ár Ráiteas Sábháilteachta, ar ár nósanna imeachta aslonnaithe, agus ar an timpeallacht oibre, go háirithe i rith na bliana seo caite ós rud é gur athraigh an tiarna talún creatlach an fhoirgnimh go mór. Leanaimid orainn ag spreagadh ár bhfoireann go léir cleachtais shábháilte a chur chun cinn san ionad oibre agus tá cláir oiliúna faoi gach gné den láimhsiú sábháilte, den mheasúnú eirgeanamaíochta agus VDU, den tsábháilteacht dóiteáin agus den gharchabhair (lena n-áirítear oiliúint AED) curtha i gcrích againn agus leanfaimid orainn ag déanamh amhlaidh amach anseo. Chuireamar tús leis an gcéad chéim dár bPlean Folláine, lenar áiríodh nósanna folláine itheacháin agus feasacht faoi mheabhairshláinte a chur chun cinn, rud a dhéanfaimid tuilleadh forbartha air in 2020. Déantar maoirseacht ar Shláinte agus Sábháilteacht ó laistigh den fheidhm Seirbhísí Corparáideacha, agus leithdháiltear freagrachtaí ag leibhéal na bainistíochta agus an oifigigh, chun comhlíonadh ár ráiteas sábháilteachta agus na ceanglas reachtúla a chinntiú.

## Seachfhoinsiú agus Soláthar

Mar a rinneadh sna blianta roimhe seo, lean an Coimisiún ar aghaidh ag seachfhoinsiú neamh-bhunfheidhmeanna riaracháin a bhaineann le hiniúchadh inmheánach, athshlánú ó thubaiste, caidreamh leis na meáin, tacaíocht TF agus párolla. Trí mheasúnú a dhéanamh ar an gcaighdeán soláthair seirbhísí agus ar bhainistíocht cost-éifeachtúil, agus béim a chur orthu sin, laghdaigh an fhoireann Seirbhísí Corparáideacha an caiteachas i roinnt réimsí oibriúcháin. Ina theannta sin, úsáidimid cleachtais don luach is fearr i ngach gné dár gcóras soláthair, ag baint úsáid as seirbhísí na hOifige um Sholáthar Rialtais, r-thairiscintí agus praghsáil iomaíoch de réir mar is cuí. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar bheartais agus nósanna imeachta Soláthair an Choimisiúin in 2019 agus cuirfear i gcrích é go luath in 2020. I rith na bliana, d'éascaigh Seirbhísí Corparáideacha uasghrádú TFC, lenar áiríodh aistriú chuig freastalaithe cianrochtana (Néalríomhaireacht) agus aistriú céimnithe chuig crua-earraí móibíleacha chun iniompraíocht, cleachtais sholúbtha oibre agus éifeachtúlachtaí breise a éascú i ndáil le hathshlánú ó thubaistí.

Tá sé i gceist ag an gCoimisiún tuilleadh uasghrádaithe TFC a chur i bhfeidhm in 2020 chun soláthar éifeachtach seirbhíse a chur chun cinn, comhpháirteanna iomarcacha a bhaint agus a chinntiú go mbeidh ár n-árdán réidh lena chomhtháthú i gcóras an rialtóra nua eitlíochta chun tacú lenár bPlean Straitéiseach.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Tá an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta liostaithe mar chomhlacht poiblí sa Chéad Sceideal d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Ciallaíonn sé sin go bhfuil sé de cheanglas orainn Scéimeanna Teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm ag léiriú conas a ndéanfaimid ár soláthar seirbhísí sa Ghaeilge a fheabhsú thar thréimhse chomhaontaithe ama. Tháinig deireadh leis an gcéad Scéim Teanga trí bliana ag an gCoimisiúin i Lúnasa 2019. I ndiaidh comhairliúchán poiblí, d'fhaomh an tAire Stáit ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an dara Scéim Teanga ag an gCoimisiúin go foirmiúil, agus tá sí in éifeacht anois. Táimid ag tnúth leis na gnéithe éagsúla a bhaineann leis an Scéim nua a chur i bhfeidhm in 2020 agus ina dhiaidh.

## Saoráidí

Leanamar orainn ag cur i bhfeidhm ár mbeartas chun ídiú fuinnimh a laghdú trí shoilse agus trealamh a chasadh as nuair nach bhfuil siad á n-úsáid. Tá ár n-ídiú fuinnimh faoin tuarascáil SEAI níos éifeachtúla ná an bhonnlíne agus ag teacht lenár sprioc do 2020, le stádas glas agus sábháil 29% i gcomparáid leis an mbonnlíne bainte amach againn. Leanann an Coimisiún ar aghaidh ag ceannach ó sholáthraithe tríú páirtithe a léiríonn go bhfuil cumais acu maidir leis an athchúrsáil, le hearraí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, agus le coigilt fuinnimh a mhéad agus is féidir. Táimid ag obair freisin i gcomhar lenár dTiarna Talún chun feabhsuithe a chur i bhfeidhm i réimse na hinbhuanaitheachta comhshaoil, amhail cur i bhfeidhm saoráid athchúrsála do na tionóntaí go léir go luath in 2020 ionas gur féidir dramhaíl a scagadh ar bhealach eagraithe. Cuirimid chun cinn úsáid iompair phoiblí, earraí in-athúsáidte, agus diúscairt inbhuanaithe dramhaíola freisin. Chuir an Coimisiún ráiteas foirmiúil faoi bhráid an Aire in 2019 maidir le diúscairt dramhaíola, dramhbhia, agus athchúrsáil mar fhreagra ar éileamh a rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le haghaidh ráitis faoi éifeachtúlacht acmhainní. Gníomh suntasach amháin a rinneadh ná stop a chur le húsáid a bhaint as plaisteach aonúsáide.

## Cosaint Sonraí Ghinearálta

In 2018, cheapamar agus chláraíomar ár nOifigeach Cosanta Sonraí le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí i gcomhréir lenár bhfreagrachtaí faoi na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí 2019. Éascaíonn ár nOifigeach Cosanta Sonraí comhlíonadh an RGCS, agus déanann sé monatóireacht ar an gcomhlíonadh sin, le cinntiú go bhfuil cearta ábhair shonraí an Choimisiúin á gcosaint. Tá oiliúint i bprionsabail an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí faighte ag foireann an Choimisiúin chun go mbeidh an Coimisiún ábalta a dhualgais i dtaobh an ábhair sonraí a chur i gcrích ar ardchaighdeán.

## Rialachas Corparáideach

Tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí don chaighdeán is airde sa rialachas corparáideach a choimeád. Cloíonn sé leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, i gcás inarb infheidhme é sin d'eagraíocht dá mhéad. Tá an Coimisinéir, mar dhuine cuntasach, freagrach don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le dea-rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm, agus chun tacaíocht a thabhairt dó sin, chuireamar comhaontú maoirseachta i bhfeidhm in éineacht leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus rinneamar athbhreithniú air, i Meitheamh 2019.

## Trédhearcacht

Cuireann an Coimisiún i gcrích a chuid feidhmeanna ar bhealach atá chomh trédhearcach agus is féidir. Foilsítear gach doiciméad a bhaineann le comhairliúcháin ar ár suíomh gréasáin (tá liosta le haghaidh 2019 san aguisín leis an tuarascáil seo). Ó Mhárta 2012 ar aghaidh, tá nótaí foilsithe ag an gCoimisiún ar a shuíomh gréasáin go ráithiúil ag sonrú na horduithe ceannaigh atá os cionn €20,000. Fuair an Coimisiún 9 n-iarratas ar Shaoráil Faisnéise agus trí iarratas maidir le Cosaint Sonraí, agus d'fhreagair sé 19 gCeist Parlaiminte i rith na bliana.

**Tábla 8: Achoimre ar Rialachas Corparáideach**

| | |
|---|---|
| **Cód Iompair an Choimisiúin** | Tá Cód Iompair ag an gCoimisiún do na fostaithe. |
| **Luacháil Infheistíochta** | Níor thabhaigh an Coimisiún aon infheistíocht chaipitiúil ar bith in 2019 a tháinig laistigh de réimse na ngníomhaíochtaí a bheartaítear i dtreoirlínte 2005 ón Roinn maidir le Luacháil agus Bainistiú Tograí Caiteachais Chaipitiúil san Earnáil Phoiblí. |
| **Luach saothair Bhainisteoirí Sinsearacha agus Táillí Stiúrthóra** | Tugtar an t-eolas maidir leis an réimse seo sa rannóg Acmhainní Daonna den doiciméad seo.. Ní bheidh feidhm ag íocaíocht tháillí an stiúrthóra. |
| **Socruithe Tuairiscithe** | Déanann an Coimisiún tuarascálacha a ullmhú don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt de réir mar is gá. Tá córas cuntasaíochta ag an gCoimisiún atá forbartha go hiomlán, a sholáthraíonn tuarascálacha míosúla mionsonraithe bainistíochta agus airgeadais do na bainisteoirí sinsearacha. Glacaimid le Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102 chun ár gcuntasaíocht a dhéanamh. Ríomhaimid ár gcuntais ar chóras cuntasaíochta fabhraithe ach amháin má shonraítear a mhalairt sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na ráitis sin. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun cloí leis an dualgas go gcoinneofaí leabhair chuí chuntais. Coinnítear iad sin ag a oifig amháin. |
| **Pleanáil Straitéiseach agus Chorparáideach** | Tá feidhmeanna agus freagrachtaí an Choimisiúin leagtha amach san Acht Eitlíochta, 2001; in Acht na nAerfort Stáit, 2004; san Acht Eitlíochta, 2006; in Acht na nAerfort Stáit (Grúpa na Sionainne), 2014, agus in Ionstraimí Reachtúla éagsúla. Tuairiscíonn an Coimisiún gach bliain don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt faoin dóigh a rinneadh a fheidhmeanna a chomhlíonadh sa bhliain roimhe sin. Ó go luath in 2017, tá Plean Straitéiseach 2017-2019 ag an gCoimisiúin. |
| **Polasaí Taistil** | Cloíonn an Coimisiún le riachtanais an Rialtais maidir le polasaí taistil. |
| **Leasanna a Nochtadh** | Éilítear ar an gCoimisinéir, a chuid foirne, agus na comhairleoirí uile cloí leis na coinníollacha ábhartha nochta a eascraíonn as Alt 18 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus as Ailt 17-18 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. |
| **Bainistíocht maidir le Riosca** | Coinníonn an Coimisiún clár riosca a ndéanann lucht na bainistíochta sinsearaí athbhreithniú air go rialta agus oibrítear i gcomhar leis an gcoiste iniúchóireachta d'fhonn rioscaí a bhainistiú. |

## Athchóiriú Rialála

I rith 2019, d'oibrigh an Coimisiún i gcomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann chun an próiseas um athchóiriú rialála a chur chun cinn, próiseas a bheidh cumasc an Choimisiúin agus Rannán Rialála Sábháilteachta Údarás Eitlíochta na hÉireann mar thoradh air.

I measc na bpríomhrudaí a baineadh amach in 2019, rinneadh dul chun cinn ar an reachtaíocht, a bhfuiltear ag súil leis go bhfoilseofar í i Meitheamh 2020, d'fhonn an t-údarás nua rialála a bhunú agus cuireadh tús leis an bpróiseas earcaíochta do Phríomhfheidhmeannach ainmnithe chomh maith le dréachtú struchtúir agus buiséid ardleibhéil eagraíochta chun an bplean feidhmithe maidir le bunú an rialtóra nua a fhorbairt, agus maoirseacht a dhéanamh air, roimh dheireadh 2020.

## Ag Breathnú Chun Cinn

Leanaimid orainn ag cinntiú go bhfuil struchtúr, córais agus próisis na heagraíochta ag teacht ina n-iomláine lenár gcuspóirí straitéiseacha chun seirbhís éifeachtúil agus éifeachtach a sheachadadh dár bpáirtithe leasmhara, go háirithe don phobal atá ag taisteal. Leanaimid orainn ag obair leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus lenár gcomhghleacaithe in Údarás Eitlíochta na hÉireann chun an próiseas athchóirithe rialála a chur chun cinn in 2020.

Leanaimid orainn ag éascú na nuálaíochta inár bpróisis agus inár modheolaíocht, trína chinntiú go ndéanfaí na róil, an t-eolas agus an saineolas ceart a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil d'fhonn tacaíocht a thabhairt do chreat rialála a fhreagraíonn don dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr agus a thacaíonn lenár straitéisí agus lenár gcuspóirí.

# 07

# Faisnéis Airgeadais



D'ardaigh an glanioncam 30% in 2019 go €4.36m. Bhí dhá phríomhchúis leis sin. Sa chéad áit, mhéadaigh an fhoireann choibhéise lánaimseartha ó 17 in 2018 go 22 in 2019. Sa dara háit, bhí éileamh breise ar thacaíocht sheachtrach chomhairliúcháin maidir le Cinneadh 2019 um Muirir Aerfoirt, an Treoir um Thaisteal Réamháirithe agus an t-athbhreithniú leanúnach ar shocruithe reatha maidir le cosaint ar dhócmhainneacht sa tionscal trádála taistil.

Ar an dea-uair, níor tharla aon teip san earnáil trádála taistil i rith na bliana agus tugtar fianaise air sin sa laghdú a tháinig ar ioncam eile, rud a fhreagraíonn d'aisghabháil ár gcostais don obair sin. In 2019, réitíomar na héileamh a bhí fágtha ó 2018 amháin.

Mhéadaigh an caiteachas 27% sa bhliain go €4.36m. Tá sé sin ag teacht lenár gcaiteachas réamh-mheasta agus bhí easnamh €.01m ann dá bharr. D'ardaigh costais foirne 11% le méadú de 5 i líon na foirne CL. Tháinig méadú suntasach ar chostais Chomhairliúcháin Eacnamaíochta i rith na bliana, le caiteachas iomlán de €1.4m ann. Bhain €1.25m dó sin leis an obair a rinneadh ar Chinneadh 2019 um Muirir Aerfoirt. Laghdóidh an buiséad sin in 2020. Mhéadaigh táillí dlí i rith na bliana, agus bhain sé sin go príomha le Brexit agus le comhairle a lorg faoin gCinneadh um Muirir Aerfoirt. Laghdaigh táillí iniúchóireachta i gcomhréir leis na réamh-mheastacháin, de bharr gur tháinig laghdú ar líon na n-iniúchtaí (agus iniúchtaí breise á ndéanamh in 2018).

Léiríonn an Ráiteas Staid Airgeadais go seasann leibhéal bhannaí airgid na trádála taistil ag €18.7m ag deireadh na bliana. Is ionann é sin agus laghdú €0.96m sa bhliain. Is de thoradh ar mheascán de ghníomhairí taistil agus tionscnóirí turas ag cur banna árachais in ionad a mbanna airgid, de ghnó trádála taistil atá bunaithe lasmuigh d'Éirinn a bheith clúdaithe sna tíortha inar bunaíodh iad anois, agus de ghlandúnadh gnólachtaí san earnáil taistil a tharla sé sin.

Mhéadaigh easnamh scéim pinsin an Choimisiúin go €1.15m amhail ar an 31/12/2019, méadú ó €0.9m amhail ar an 31/12/19. An phríomhchúis atá taobh thiar den ghluaiseacht ná na hathruithe achtúireacha a tharla do na boinn tuisceana i rith na bliana; thit an ráta lascaine 0.9% agus bhí luacháil dliteanais níos airde ann dá bharr ag dáta an Chláir Chomhardaithe. Rinne laghdú 0.2% san ionchas boilscithe é sin a fhritháireamh rud beag. Ba ionann €210,000 agus dliteanas na scéime SPSPS ag deireadh na bliana.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach

Tá freagracht fhoriomlán ag an gCoimisinéir um Rialáil Eitlíochta as córas éifeachtach um rialú inmheánach a choinneáil agus a chur i bhfeidhm. Tugann an fhreagracht sin aird ar riachtanais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal réasúnta seachas é a dhíbirt ar fad.

D'fhonn an fhreagracht seo a chomhlíonadh ar dhóigh ina gcinntítear go ndéanfar gach gnó de réir reachtaíochta agus rialachán, tá struchtúr eagrúcháin curtha ar bun ag an gCoimisinéir ina bhfuil na nithe seo a leanas soiléir: nósanna imeachta maidir le feidhmiú agus tuairisciú, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, imscaradh dualgas agus údarás tarmligthe.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an gCoimisiún a dhéantar a sheachfhoinsiú. Bíonn obair na hiniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí a bhfuil an Coimisiún nochta dóibh; bunaítear na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí ar an anailís sin agus aontaítear iad leis an CIR. Cuirtear gach tuarascáil iniúchta inmheánaigh faoi bhráid an CIR.

Tá Polasaí um bhainistiú riosca forbartha ag an gCoimisiún, a leagann amach an inghlacthacht riosca atá aige, a léiríonn na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a shonraíonn róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca.

Dheimhnigh an Coimisinéir, sna Dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2019, go ndearna an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais maidir le rialú inmheánach airgeadais agus bainistíocht riosca.

## Iniúchadh Inmheánach

Is iad BDO Ireland iniúchóirí inmheánacha an Choimisiúin agus ritheann a chonradh go dtí an 18 Meitheamh 2020. Oibríonn an tiniúchóir inmheánach faoi stiúir Choiste seachtrach um Iniúchóireacht agus Riosca. In 2019, rinne na hiniúchóirí inmheánacha 3 iniúchadh:

- Athbhreithniú ar na Córais Faisnéis Bainistíochta
- Athbhreithniú ar an mBainistiú Géarchéime
- Ráiteas ar an Rialú Inmheánach agus Athbhreithniú ar an mBainistíocht Riosca

## An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca ag an gCoimisiún a fheidhmíonn faoi chairt i scríbhinn atá ceadaithe ag an gCoimisinéir agus ar a bhfuil triúr comhaltaí seachtracha, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta acu, agus duine acu mar Chathaoirleach. Ag gach cruinniú, thug an Coimisinéir an Coiste suas chun dáta maidir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin, obair idir lámha agus ceisteanna lárnacha. D'fhreastail príomhbhaill den fhoireann bhainistíochta ar na cruinnithe, de réir mar ba ghá agus ba chuí. D'fhreastail na hiniúchóirí neamhspleácha inmheánacha ar na cruinnithe ar bhonn rialta freisin chun an t-eolas is déanaí a thabhairt don Choiste maidir leis an bplean iniúchóireachta agus na tuairiscí ábhartha iniúchóireachta. Níor tharraing tuarascáil bhliantúil an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca do 2019 anuas aon cheisteanna maidir le córas rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin.

## Íocaíocht Phras na gCuntas

Aithníonn an Coimisiún a fhreagracht maidir le cinntiú go gcomhlíontar, sna poncanna ábhartha uile, forálacha Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Íocaíochtaí déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2002 ("Na Rialacháin"). Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun na dátaí a aithint ar a bhfuil sonraisc iníoctha dlite agus chun a chinntiú go ndéanfar na híocaíochtaí ar na dátaí seo. Tugann na nósanna imeachta seo dearbhú in éadan neamhchomhlíonta ábhartha na Rialachán. Is é an polasaí íocaíochta atá againn ná cloí le riachtanais na Rialachán.

## Soláthar

Cloíonn nósanna imeachta an Choimisiúin maidir le cúrsaí soláthair le treoirlínte agus le treoracha náisiúnta agus, más infheidhme, le treoirlínte agus le treoracha an Aontais Eorpaigh. De bharr an luach atá ar an gcuid is mó de na conarthaí, cuirtear i bhfeidhm na treoirlínte náisiúnta orthu de ghnáth. Tá plean soláthair ag an gCoimisiún, ina leagtar amach na réimsí ina meastar go mbeidh seirbhísí á gcur amach ar tairiscint.

## Diúscairt Sócmhainní agus Rochtain ag Tríú Páirtithe ar Shócmhainní

Níl sócmhainn ar bith ag an gCoimisiún den scála agus den luach a bheartaítear faoi na treoirlínte (€150,000). Ní raibh diúscairt shuntasach sócmhainní ar bith ann le linn na bliana 2019.

## Luacháil Infheistíochta

Níor thabhaigh an Coimisiún caiteachas suntasach caipitiúil ar bith in 2019 a tháinig laistigh den réimse gníomhaíochtaí a bheartaítear i dtreoirlínte 2005 na Roinne maidir le Luacháil agus Bainistiú Tograí Caiteachais Chaipitiúil san Earnáil Phoiblí.

## Comhlíonadh Cánach

Tá an Coimisiún faoi dhliteanas ÍMAT, CBL agus PSWT a íoc. Tá na tuairisceáin ábhartha chánach uile do 2019 curtha isteach ag an gCoimisiún agus cloíonn sé go hiomlán le gach coinníoll maidir le cúrsaí cánachais.

## Tobhach

Faoi Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, féadfaidh an Coimisiún rialacháin a dhéanamh a fhorchuireann tobhach ar mhaithe le costais a tabhaíodh i gceart le linn dó a dhualgais a chomhlíonadh a chlúdach. Tá an tobhach sin iníoctha ag na catagóirí gnóthais sin a shonrófaí an Coimisiún.

Ar an 11 Nollaig 2019, rinne an Coimisiún I.R. 675 de 2019, rialachán a fhorchuireann an Tobhach don bhliain 2020. Tá an Coimisiún ag súil le hioncam de €3.3 milliún a ghnóthú ón tobhach sin in 2020.

Athraíonn ioncam ó thobhaigh de réir riachtanais mheasta chaiteachais agus riachtanais sreabhaidh airgid. Níor tháinig aon athrú ar an ioncam ón Táille Ceadúnais i rith na bliana. Cuimsítear le hIoncam Eile Ioncam ó ús agus Ioncam ón gCiste Cosanta Taistealaithe. Athraíonn an chéad ceann de réir thaiscí agus ráta úis na bliana atá i gceist. Baineann an dara ceann leis na cásanna ina thabhaíonn an Coimisiún costais de bharr riar an Chiste Cosanta Taistealaithe agus na gCuntas Bannaí, agus go mbaintear na costais sin ón gciste nó ó chuntais na mbannaí. In 2019, níor theip ar aon chuideachta, mar sin níor oibrigh an Coimisiún ach chun aon éileamh amuigh ó 2018 a íoc. Rinneamar na costais a d'eascair as déileáil leis na héilimh a bhí amuigh fós agus riar an chiste a aisghabháil ón mbanna agus ón gciste faoi seach.

**Tábla 9: Ioncam Tobhaigh 2018-2019**

| Tobhach | 2019 | 2018 | % Athrú |
|---|---|---|---|
| Tobhach | 4,246,389 | 3,190,624 | 33.1% |
| Táillí Ceadúnais | 136,653 | 137,578 | (0.7%) |
| Ioncam Eile | 7,939 | 28,016 | (71.7%) |
| **Iomlán** | **4,390,981** | **3,356,218** | **30.8%** |

## Ráitis Airgeadais

Ar an 1 Márta 2019, cuireadh na dréacht-ráitis airgeadais do 2018 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun go ndéanfaí iniúchadh orthu. Ar an 2 Iúil 2019, tar éis cur i gcrích na n-iniúchtaí, cuireadh faoi bhráid an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt iad. Cuireadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad ar an 8 Deireadh Fómhair 2019 agus tá siad le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Ullmhaíodh dréacht-ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 agus cuireadh faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad ar an 28 Feabhra 2020. Tugtar sliocht as na dréacht-ráitis sin thíos. Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais iad an ráiteas faoi na polasaithe cuntasaíochta agus na nótaí ar na ráitis airgeadais, rudaí nach gcuirtear i láthair thíos ach a bheidh mar pháirt de na cuntais fhoilsithe dheiridh.

## Dréacht-Ráiteas Ioncaim & Caiteachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | 2019<br>€ '000 | 2018<br>€ '000 |
|---|---:|---:|
| **Ioncam** | | |
| Ioncam Tobhaigh | 4,246 | 3,191 |
| Táillí Ceadúnais | 137 | 137 |
| Eile | 8 | 28 |
| **Ollioncam** | **4,391** | **3,356** |
| Aistriú (go)/ón gCuntas Caipitil | (44) | (15) |
| **Glanioncam** | **4,347** | **3,340** |
| **Caiteachas** | | |
| Costais Foirne | 1,528 | 1,372 |
| Costais Phinsin | 286 | 324 |
| Comhairleacht | 1,385 | 614 |
| Táillí Dlí | 110 | 43 |
| Cíos | 280 | 280 |
| Éascú Sceideal | 221 | 221 |
| Costais Oibriúcháin | 546 | 576 |
| | **4,357** | **3,430** |
| **(Easnamh) Oibriúcháin** | **(10)** | **(89)** |

## Dréacht-Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | 2019<br>€ '000 | 2018<br>€ '000 |
|---|---:|---:|
| | | |
| (Easnamh) Oibriúcháin | (10) | (89) |
| Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí a eascraíonn ó dhliteanais maidir leis an scéim sochar scoir | (2) | 143 |
| Gnóthachain (caillteanais) achtúireacha ar shócmhainní na scéime | 577 | (406) |
| Athruithe ar na boinn tuisceana i dtaobh luach reatha dhliteanais na scéime sochar scoir | (798) | 292 |
| Aistrithe isteach do sheirbhíse roimhe sin | - | - |
| **Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach** | **(223)** | **30** |
| Caillteanais/(gnóthachain) thaithí SPSPS | (7) | 1 |
| Athruithe ar bhoinn tuisceana SPSPS | (39) | 10 |
| **Coigeartú i leith maoiniú iarchurtha** | **(46)** | **11** |
| **Gnóthachain/(Caillteanais) Aitheanta Iomlána a bhaineann leis an mBliain Airgeadais** | **(233)** | **(60)** |

## Dréacht-Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail ar an 31 Nollaig 2019

| | 2019 € '000 | 2018 € '000 |
|---|---|---|
| **Maoin, Gléasra agus Trealamh** | | |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh | 75 | 32 |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid | 19,509 | 20,825 |
| Taiscí Fadtéarmacha | 1,000 | 518 |
| Infháltais agus Réamhíocaíochtaí | 232 | 302 |
| | 20,741 | 21,645 |
| **Creidiúnaithe (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)** | | |
| Suimeanna iníoctha agus Fabhruithe | (227) | (207) |
| Cuntais Bannaí Airgid | (18,750) | (19,696) |
| | **(18,977)** | **(19,903)** |
| **Glansócmhainní Reatha** | **1,764** | **1,742** |
| | | |
| **Iomlán na Sócmhainní Lúide Dliteanais Reatha** | **1,840** | **1,773** |
| Glandliteanas Sochar Scoir | (1,155) | (899) |
| **Glansócmhainní agus Dliteanas Sochar Scoir san áireamh** | **685** | **874** |
| Lena n-ionadaítear | | |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 1,764 | 1,742 |
| Cuntas Caipitil | 75 | 32 |
| Cúlchiste Sochar Scoir | (1,155) | (899) |
| | **685** | **874** |

## Dréacht-Ráiteas ar Athruithe sa Chuntas Cúlchistí agus Caipitil amhail ar an 31 Nollaig 2019

| | Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | Cuntas Caipitil | Cúlchiste Sochar Scoir | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2018** | **1,781** | **16** | **(878)** | **918** |
| Easnamh Oibriúcháin | (89) | - | - | (89) |
| Gluaiseacht le linn na bliana | - | 15 | - | 15 |
| Gnóthachan Achtúireach | - | - | 30 | 30 |
| Aistriú | (50) | - | (50) | - |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2018** | 1,742 | 31 | (899) | 874 |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | **1,742** | **31** | **(899)** | **874** |
| Easnamh Oibriúcháin | (10) | | | (10) |
| Gluaiseacht le linn na bliana | - | 44 | | 44 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach | - | | (223) | (223) |
| Aistriú | 32 | | (32) | - |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | **1,764** | **75** | **(1,155)** | **685** |

## Dréacht-Ráiteas um Shreafaí Airgid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

| | 2019 € '000 | 2018 € '000 |
|---|---:|---:|
| **Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Barrachas/(Easnamh) ar Ioncam agus ar Chaiteachas | (10) | (89) |
| Difríocht idir an Costas Sochar Scoir agus Ranníocaíocht an Fhostóra | 32 | 50 |
| Dímheas | 11 | 7 |
| Ús bainc a fuarthas mar ghlanmhéid de na muirir bhainc a íocadh | - | (1) |
| Amúchadh sócmhainn chaipitil | 44 | 15 |
| (Méadú)/Laghdú ar Infháltais | 77 | (110) |
| Laghdú/(Méadú) ar Réamhíocaíochtaí | (7) | (15) |
| (Laghdú)/Méadú ar Mhéideanna Iníoctha | 12 | (82) |
| (Laghdú)/Méadú ar Fhabhruithe | 8 | (71) |
| **(Glan-eissreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **167** | **(296)** |
| **Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | |
| Ús Bainc | - | - |
| Muirir Bhainc a Íocadh | (1) | (1) |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Fháil | (54) | (22) |
| **Glansreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | **(55)** | **(23)** |
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| (Laghdú)/Méadú ar Chuntais Bannaí Airgid agus CCT | (946) | 363 |
| Laghdú/(Méadú) ar Airgead ar Thaisce Téarma | **(482)** | - |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(1,428)** | **363** |
| **Méadú/(Laghdú) Glan ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid** | **(1,316)** | **44** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir | 20,825 | 20,781 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig | 19,509 | 20,825 |

Uimhreacha slánaithe go neamhspleách; b'fhéidir nach mbeidh an toradh díreach céanna leis an iomlán.

# 08

## Aguisín

### Cur i gcrích Phlean Oibre 2019 in aghaidh na nEochairtháscairí Feidhmíochta

### Páipéir an Choimisiúin agus Doiciméid Eile a Foilsíodh in 2019

### Eochairtháscairí Feidhmíochta

### Plean Oibre 2020

# Cur i gcrích Phlean Oibre 2019 in aghaidh na nEochairtháscairí Feidhmíochta

## Sprioc Straitéiseach 1: Seirbhísí Aerfoirt atá Éifeachtúil, d'Ardchaighdeán agus Feasach ar an tSábháilteacht

**Cuspóir 1: Muirir éifeachtúla a shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath**

| Gníomhartha | Eochairtháscaire Feidhmíochta 2019 | Soláthar 2019 |
|---|---|---|
| Praghasteorainn uasta a shocrú d'Aerfort Bhaile Átha Cliath don chéad tréimhse rialála eile agus breathnú ar chur chuige rialála eile atá ag teacht leis an reachtaíocht. | An Cinneadh a Fhoilsiú i Meán Fómhair. | I Meán Fómhair 2019, shocraíomar an t-uasmhéid do mhuirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath don tréimhse 2020-2024, tar éis próiseas fairsing comhairliúcháin inar bhreithníomar réimse cuir chuige agus réimse bealaí éagsúla chun iad sin a chur i bhfeidhm.[6] |
| Rialú agus monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar cost-éifeachtúil tionscadal caipitiúil. | Tuarascálacha a fhoilsiú go ráithiúil. | I gCinneadh 2019, thugamar isteach trí shásra nua chun soláthar cost-éifeachtúil tionscadal caipitiúil a rialú agus monatóireacht a dhéanamh orthu:<br>1. Próiseas StageGate d'eochairthionscadail chaipitiúla.<br>2. Íocaíocht ceangailte le seachadadh tionscadal áirithe caipitiúil.<br>3. Ceanglais maidir le tuairisciú ráithiúil do thionscadail chaipitiúla. |
| Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh muirear aerfoirt agus bearta cáilíochta seirbhíse ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. | Tuarascálacha cáilíochta seirbhíse a fhoilsiú go ráithiúil. | D'fhoilsíomar na tuarascálacha cáilíochta seirbhíse in am do R1-R3 2019. Faoi mar atá leagtha amach i gCinneadh 2014, rinneamar monatóireacht ar dhá sprioc déag a bhaineann le hamanna sa scuaine slándála, saoráidí láimhseála bagáiste agus torthaí na suirbhéanna ar phaisinéirí. Bhain Aerfort Bhaile Átha Cliath na spriocanna ar fad amach don tréimhse seo. |

6 www.aviationreg.ie/_fileupload/2019%20Determination/Final%20Determination/2020-2024%20Determination.pdf

| Cuspóir 2: Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a mhéadú sa phróiseas cinnteoireachta | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Eochairtháscaire Feidhmíochta 2019** | **Soláthar 2019** |
| Leibhéal méadaithe comhairliúcháin maidir le muirir agus bonneagar aerfoirt a chur chun cinn. | Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe atá ann cheana agus feabhsuithe a chur i bhfeidhm. | In 2019, bhreathnaíomar ar an gcomhairliúchán bliantúil maidir le muirir aerfoirt 2020 chun ár ról mar Údarás Maoirseachta Neamhspleách na hÉireann faoin Treoir um Mhuirir Aerfoirt a chomhlíonadh. |
| Leanamar orainn ag scrúdú bealaí inar féidir linn teagmháil níos fearr a dhéanamh le paisinéirí sa phróiseas rialála. | Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe atá ann cheana agus feabhsuithe a chur i bhfeidhm. | Bhunaíomar Grúpa Comhairleach Paisinéirí in 2018 agus bhuaileamar leis an ngrúpa sin cúig huaire ó Shamhain 2018 go Meitheamh 2019. D'oibríomar i gcomhar leis an ngrúpa chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta cáilíochta seirbhíse atá ann cheana ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus chun breathnú ar bhealaí go bhféadfaí iad sin a fheabhsú. Le cúnamh an ghrúpa, rinneamar athbhreithniú agus leasú ar an gcuid is mó den na bearta a bhí ann cheana agus thugamar isteach 10 gcinn nua. Díríonn go leor bearta nua ar phaisinéirí a bhfuil cúnamh breise ag teastáil uathu a shásamh. |

| Cuspóir 3: Iomaíocht a chur chun cinn agus iontráil nua a éascú | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Eochairtháscaire Feidhmíochta 2019** | **Soláthar 2019** |
| Paraiméadair chomhordaithe sliotán ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a fhógairt. | Cinntí faoi pharaiméadair a fhoilsiú. | D'fhoilsíomar Dréacht-chinntí agus Cinntí Deiridh do Gheimhreadh 2019 agus Samhradh 2020 i gcomhréir le hamlíne an Comhlachais Aeriompair Idirnáisiúnta maidir le comhordú sliotán. Cheadaíomar méaduithe spriocdhírithe incriminteacha i líon na n-aerárthach ar féidir leo oibriú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. |
| Smachtbhannaí a forfheidhmiú i gcás aerlínte a mhí-úsáideann sliotán. | Faisnéis a fhoilsiú. | Eisíodh smachtbhanna nua amháin, do Ryanair, maidir le feidhmiú gan sliotán. Ba é €3,000 méid iomlán an smachtbhanna sin. Rinneadh smachtbhanna de €8,200 a eisíodh do Aer Lingus de bharr oibriú gan sliotán in 2018 a thabhairt chun críche. |

## Sprioc Straitéiseach 2:
## Aerlínte agus Láimhseálaithe ar an Talamh atá Sábháilte agus Láidir ó thaobh an Airgeadais de

| Cuspóir 1: Córas éifeachtach ceadúnaithe a oibriú | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Eochairtháscaire Feidhmíochta 2019** | **Soláthar 2019** |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcórais agus ár bpróisis inmheánacha; chun go mbeidís ag teacht leis an gcleachtas is fearr. | Na próisis atá ann cheana a leasú de réir mar is gá. | Cuireadh i gcrích an t-iniúchadh ar na próisis agus na struchtúir reatha atá i bhfeidhm don cheadúnú in 2018. |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar fhreagraí, agus ar phróisis maidir le heisiúint, athbhreithniú, athnuachan, tarraingt siar agus aisghairm ceadúnas. | Na próisis atá ann cheana a leasú de réir mar is gá. | Críochnaíodh an t-athbhreithniú inmheánach agus cuireadh i bhfeidhm feabhsuithe. |
| Próisis a chomhordú tuilleadh i gcomhar le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann inár róil faoi seach maidir le ceadúnais a eisiúint d'aerlínte agus athbhreithniú a dhéanamh ar ár socruithe comhroinnte faisnéise. | Ár bpróiseas ceadúnaithe agus ár socrú comhroinnte faisnéise a thabhairt suas chun dáta. | Cuireadh leis an teagmháil le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann maidir lenár róil faoi seach. Ghabh an obair athchóirithe ar rialáil in ionad an Dréachtmheabhráin Tuisceana. |
| Breathnú ar bhealaí a d'fhéadfaí cuspóirí ábhartha láimhseála ar an talamh a chomhlíonadh sa chaoi is éifeachtúla ag aerfoirt Éireannacha laistigh de scóip na gcreataí reachtúla agus rialála atá ann faoi láthair. | Athbhreithniú a chur i gcrích agus cur chuige rialála suas chun dáta a fhoilsiú. | Comhaontaíodh nós imeachta nua méadúcháin le hAerfoirt chun socruithe monatóireachta agus forfheidhmiú chomhlíonadh na Rialacha Iompraíochta a feabhsú. |

## Sprioc Straitéiseach 3:
## Gníomhaireachtaí Taistil agus Tionscnóirí Turas atá láidir ó thaobh an airgeadais de

| Cuspóir 1: Riachtanais na Treorach um Thaisteal Láneagraithe a chur i bhfeidhm | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Eochairtháscaire Feidhmíochta 2019** | **Soláthar 2019** |
| Athruithe ar an bpróiseas ceadúnaithe a aithint agus a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh siad ag teacht le Treoir um Thaisteal Réamháirithe, 2015. | Ceanglais, treoirlínte, foirmeacha agus próisis athbhreithnithe a chur i bhfeidhm. | Rinne an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Treoir (AE) 2015/2302 maidir le taisteal réamháirithe agus socruithe taistil cuidithe a thrasuí i reachtaíocht na hÉireann le hIonstraimí Reachtúla 80 agus 105 de 2019, arna síniú ar an 11 Márta 2019 agus ar an 26 Márta 2019, faoi seach.<br><br>D'eisigh an Coimisiún treoir nuashonraithe faoi na ceanglais rialála i mBealtaine agus i nDeireadh Fómhair na bliana seo. D'athraigh sé sin go leor rudaí sa chóras rialála agus chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an tionscal ar bhonn leanúnach chun na ceanglais sin a phlé. Is iad gnólachtaí Éireannacha amháin ar féidir ceadúnas a éisiúint dóibh anois agus ní bhaineann na ceadúnais sin ach leis na gnéithe dá ngnó a chomhlíonann an sainmhíniú a thugtar ar chonradh taistil thar lear faoin Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982. I gcás gnólachtaí a bhfuil díolacháin acu nach gcomhlíonann an sainmhíniú sin ach ar gá dóibh árachas a chur ar fáil ina leith faoi théarmaí Acht nuashonraithe 1995, chomhaontaigh an Coimisiún go gcuirfí polasaí oiriúnach árachais i bhfeidhm maidir leis an neamhchosaint sin.<br><br>Do ghnólachtaí nach bhfuil ceadúnaithe ach ar gá dóibh an Coimisiún a chur ar an eolas/fianaise a thabhairt don Choimisiún, tá próisis curtha i bhfeidhm againn ina leith sin. Bhuaileamar le 50 gnólacht i rith na bliana agus bhaineamar úsáid as na cruinnithe sin chun díriú ar na ceanglais nua a mhíniú.<br><br>Chomh maith leis sin, rinneamar cur i láthair os comhair an tionscail ag comhdháil bhliantúil ITAA, ag tabhairt cuntais ar na hathruithe rialála.<br><br>Rinneamar uasdátú ar ár bhfoirmeacha chun na ceanglais nua a chur san áireamh, m.sh. foirm nua d'eintitis nach bhfuil ag déanamh iarratais ar cheadúnas. Rinneamar foclaíocht pholasaithe a chomhaontú le soláthraithe árachais chun neamhchosaint a chlúdach nach bhfuil clúdaithe faoin sainmhíniú a thugtar ar chonarthaí taistil thar lear. D'oibríomar chun ár suíomh gréasáin a thabhairt suas chun dáta ionas go bhfreagródh sé do na ceanglais nua agus tá sé i gceist againn an leagan nua den suíomh a sheoladh i R1 de 2020. |

| Cuspóir 2: Cosaint dhóthanach a thabhairt do thaistealaithe | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Eochairtháscaire Feidhmíochta 2019** | **Soláthar 2019** |
| Comhairle a thabhairt don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir leis na socruithe cuí ar gá iad chur i bhfeidhm maidir le cosaint i gcoinne dócmhainneachta chun go mbeidís ag teacht le ceanglais na Treorach um Thaisteal Réamháirithe. | Tuarascáil a chur ar fáil don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. | D'fhoilsíomar tuarascáil ina leagtar amach an chomhairle a thugamar don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le bearta cosanta do thomhaltóirí na trádála taistil. Chuir sé sin clabhsúr leis an obair chomhairliúchán a rinneamar leis an tionscal maidir le leordhóthanacht na socraithe cosanta do thomhaltóirí atá i bhfeidhm.<br>Sa dara chéim den obair sin (a cuireadh ar bun in 2019), bhuaileamar leis an tionscal i mBealtaine nuair a reáchtálamar ceardlann chun na roghanna éagsúla a bhí ag teacht chun cinn a phlé. D'fhoilsíomar tuarascáil eatramhach, chun críocha comhairliúcháin, i Lúnasa. Fuaireamar 15 fhreagra ar an bpáipéar comhairliúcháin. D'eisíomar an tuarascáil deiridh agus na freagraí a fuarthas in éineacht lenár bpáipéar comhairleach. |
| Socruithe cosanta ó dhócmhainneacht a chur i bhfeidhm de réir bheartas an Rialtais. | Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe atá ann cheana,agus iad a leasú, i gcomhairle le páirtithe leasmhara. | Rinneamar imscrúdú ar 11 chás inar cuireadh i leith cuideachta go raibh trádáil mhídhleathach ar siúl aici agus réitiomar aon éileamh a bhí amuigh fós maidir le teip gnólachtaí in 2018. |

## Sprioc Straitéiseach 4: Creat Láidir chun Cearta Paisinéirí a Chur i bhFeidhm

| Cuspóir 1: Déileáil le gearáin ó phaisinéirí go héifeachtach agus go cothrom | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Eochairtháscaire Feidhmíochta 2019** | **Soláthar 2019** |
| Teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara chun próiseas éifeachtúil láimhseála gearáin a chinntiú do phaisinéirí. | An próiseas láimhseála gearáin a fhoilsiú. | I lár 2018, chuireamar athruithe i bhfeidhm ar an gcóras gearáin chun go mbeadh sé níos deacra gearáin neamhbhailí (neamhfheidhmithe, neamh-Éireannach) a chur isteach ag úsáid fhoirm EC261/2004. Mhéadaigh sé sin líon na ngearán neamhbhailí a cuireadh isteach ag úsáid fhoirm EC1107/2006, ach laghdaigh sé líon foriomlán na ngearán neamhábhartha a cuireadh isteach.<br>Chuireamar i bhfeidhm roinnt athraithe bheaga ar an bhfaisnéis atá ar ár suíomh gréasáin agus an modh trínar féidir gearáin a chur isteach chun a chinntiú go dtabharfaí faisnéis níos fearr do phaisinéirí sula gcuirfidh siad isteach gearán. Rinneamar teagmháil ghníomhach freisin le Comhlachtaí Forfheidhmithe Náisiúnta eile, leis an tionscal agus le gníomhaireachtaí bainteacha eile (m.sh. ECC, an Biúró Comhairle Saoránach agus CCPC) chun a chinntiú go bhfuil faisnéis cheart á soláthar acu. |
| Cinntiú go ndéileáiltear le gearáin go tráthúil | Monatóireacht rialta a dhéanamh ar an ráta ag an ndéileáiltear le gearáin agus bearta ceartaitheacha a ghlacadh de réir mar is gá. | In 2019, thugamar faoi thionscadal sé mhí (lenar bhain foireann de bhaill sealadacha lánaimseartha) chun imscrúdú a dhéanamh ar an riaráiste cásanna atá againn agus an riaráiste a chur ar ceal. D'éirigh leis an tionscadal seo agus is féidir linn anois tabhairt faoi imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin nua go luath tar éis dúinn iad a fháil. |

| Cuspóir 2: Feasacht thaistealaithe ar chearta aerphaisinéirí a fheabhsú | | |
|---|---|---|
| Gníomhartha | Eochairtháscaire Feidhmíochta 2019 | Soláthar 2019 |
| Plean cumarsáide a fhorbairt, lena n-áirítear athbhreithniú ar ár suíomhanna gréasáin, chun feasacht ar chearta aerphaisinéirí a fheabhsú. | Clár feasachta a fhorbairt. | Dhíríomar isteach go príomha ar an tionscal (aerfoirt agus aerlínte) agus ar phobail ar leith, go háirithe paisinéirí atá faoi mhíchumas luaineachta agus a mbaineann CE 1107/2006 leo. Tá sé i gceist againn a thuilleadh oibre a dhéanamh ar ár bplean cumarsáide in 2020. |

## Sprioc Straitéiseach 5: Rialú a Léiríonn an Dea-Chleachtas Idirnáisiúnta is Fearr

| Cuspóir 1: Córais éifeachtacha a úsáid | | |
|---|---|---|
| Gníomhartha | Eochairtháscaire Feidhmíochta 2019 | Soláthar 2019 |
| Córais do cheadúnú Aerlínte, Láimhseálaithe ar an Talamh, Tionscnóirí Turas agus Gníomhaireachtaí Taistil a athbhreithniú chun an dea-chleachtas a chinntiú. | Córais cheadúnaithe a nuashonrú de réir mar is gá. | Rinneamar athbhreithniú ar phróisis a bhaineann leis an tionscal taistil, le haeriompróirí agus le seirbhísí láimhseála ar an talamh agus rinneamar na próisis sin a chuíchóiriú/shimpliú. Thugamar faoi roinnt obair réamhullmhúcháin freisin chun aistriú go córas digiteach próiseála mar chuid den tionscadal athchóirithe rialála. |
| Sinn féin a chur i gcomparáid le dreamanna eile chun an dea-chleachtas a chinntiú maidir le cearta paisinéirí agus comhlíonadh aerlínte a fhorfheidhmiú agus a chur chun cinn. | Na próisis a nuashonrú de réir mar is gá. | Tá athruithe sa chóras agus i bpróisis curtha i bhfeidhm againn agus in éineacht le leithdháileadh acmhainní breise, laghdaíomar an próiseáil éilimh síos go laistigh de theorannacha ETF agus chuireamar na riaráistí ar ceal. Thug sé sin deis dúinn níos mó cuairteanna comhlíontachta a dhéanamh. |
| Ceanglais an rialacháin ghinearálta maidir le cosaint sonraí a chur i bhfeidhm. | Córais chomhlíontacha a bheith i bhfeidhm. | Tá córais i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil comhlíonadh leanúnach ann ó thaobh cheanglais RGCS, lena n-áirítear dréachtú Chlár na nGníomhaíochtaí Próiseála faoi Alt 30. |

| Cuspóir 2: Comhairliúchán éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara | | |
|---|---|---|
| Gníomhartha | Eochairtháscaire Feidhmíochta 2019 | Soláthar 2019 |
| Leibhéal níos airde comhairliúcháin ar mhuirir agus infreastruchtúr a chur chun cinn. | An plean a chur i bhfeidhm. | In 2019, rinneamar teagmháil fhairsing leis na páirtithe leasmhara maidir le Cinneadh 2019, trí mhodh comhairliúcháin phoiblí agus cruinnithe breise le páirtithe leasmhara.<br><br>Chomh maith leis sin, thionólamar an Grúpa Comhairleach Paisinéirí cúig huaire idir Samhain 2018 agus Meitheamh 2019. |
| Páirt ghníomhach a ghlacadh i bhFóram Thessaloniki Rialtóirí Muirear Aerfoirt na hEorpa agus i measúnú na Treorach um Muirir Aerfoirt. | Ionchur le grúpaí oibre agus cruinnithe fóraim agus tuairisc a dhéanamh ar dhul chun cinn. | In 2019, rinneamar cathaoirleacht ar ghrúpa oibre an Fhóraim maidir leis na bearta atá ar fáil do ISAnna (Údaráis Mhaoirseachta Neamhspleácha) chun dul i ngleic le mí-úsáid fhéideartha aerfort dá gCumhacht Shuntasach sa Mhargadh. Ghlacamar páirt freisin i ngrúpaí oibre maidir le tagarmharcáil muirear aerfoirt. |
| Comhordú le gníomhaireachtaí ábhartha eile maidir le rialú Aerfort Bhaile Átha Cliath. | Roinneamar faisnéis le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann agus le Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (SEIÉ) (de réir mar ba ghá) mar chuid den phróiseas chun Aerfort Bhaile Átha Cliath a rialú. | In 2019, d'oibríomar i gcomhar le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann agus le SEIÉ maidir le tionscadail infheistíochta caipitiúla nó leibhéil cháilíochta seirbhíse ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a rialú. |
| Coinneáil suas chun dáta agus faisnéis a thabhairt do pháirtithe leasmhara (lena n-áirítear tionchar Brexit ar an eitlíocht) ar bhealach tráthúil. | Uasdátú a chur ar fáil de réir mar is gá. | Leanúnach. |

| Cuspóir 3: Foireann oilte agus spreagtha a chaomhnú | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Eochairtháscaire Feidhmíochta 2019** | **Soláthar 2019** |
| Pleananna oideachais agus forbartha acmhainní a ailíniú lenár bPlean Straitéiseach agus Clár Foghlama agus Forbartha a chur i bhfeidhm bunaithe ar anailís ar na riachtanais scileanna agus chumais. | Plean oiliúna 2019 a chur i bhfeidhm. | Tacaíonn cláir forbartha eagraíochta agus cláir ar fud na heagraíochta leis an bPlean Straitéiseach. |
| Leanamar lenár gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) a úsáid chun an dea-chleachtas gnó a chinntiú. | Leagan síos spriocanna, agus athbhreithnithe eatramhacha agus bliantúla a chur i bhfeidhm. | Foilsímid plean foghlama agus forbartha ar bhonn bliantúil chun riachtanais phearsanta agus eagraíochta a chomhlíonadh chun tacú leis an bPlean Straitéiseach agus déanaimid monatóireacht ar a chur i bhfeidhm go míosúil. |
| Athbhreithniú ar theacht aniar na heagraíochta | Obair leantach a dhéanamh ar mholtaí. | Leanaimid orainn ag úsáid CBFF mar mhodh éifeachtach chun spriocanna a leagan síos, riachtanais forbartha a aithint, agus athbhreithniú eatramhach agus bliana iomlán a dhéanamh chun feabhas leanúnach, forbairt eolais agus coinneáil eolais a éascú. |

| Cuspóir 4: Tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm an ráitis beartais náisiúnta maidir le rialú muirear aerfoirt | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Eochairtháscaire Feidhmíochta 2019** | **Soláthar 2019** |
| Cinntí na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir leis an gcreat rialála eacnamaíoch a chur i bhfeidhm. | Na cleachtais agus nósanna imeachta atá ann faoi láthair a leasú chun go mbeidís ag teacht le cinntí na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. | Bhíomar i láthair ag Comhchoiste an Oireachtais um Iompar maidir leis an nGrinnscrúdú Réamhreachtach ar an mBille beartaithe um Rialáil Eitlíochta (Leasú), 2019 |
| Oibriú i gcomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann chun an t-athchóiriú rialála a chur i gcrích. | Socruithe a chur i bhfeidhm go tráthúil. | Ghlacamar páirt i ngrúpaí oibre a raibh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Údarás Eitlíochta na hÉireann bainteach leo chun Ceannteidil an Bhille um Aerloingseoireacht agus Aeriompar, 2019 atá beartaithe a fhorbairt, bille a ina leagtar amach an creat maidir le athchóiriú rialála |

## Páipéir an Choimisiúin agus Doiciméid Eile a Foilsíodh in 2019

| | | |
|---|---|---|
| Eanáir | CN1/2019 | Amlíne do Gheimhreadh 2019 agus do Shamhradh 2020 maidir le Cinntí faoi Pharaiméadair Chomhordaithe Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| | | Faisnéis iarratais maidir le Ceadúnas Gníomhaire Taistil agus Tionscnóra Turas Bealtaine 2019 |
| Feabhra | | Clár Infheistíochta Caipitiúla 2020 + Arna Chur Isteach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| | | Doiciméid ó Chruinniú 7 Feabhra leis an nGrúpa Comhairleach Paisinéirí |
| Márta | | Doiciméid ó Chruinniú 7 Márta leis an nGrúpa Comhairleach Paisinéirí |
| | CN2/2019 | Soiléiriú maidir le trádáil sliotán tánaisteach agus mí-úsáid sraitheanna sliotán |
| Aibreán | CP1/2019 | Dréachtchinneadh maidir le Paraiméadair Chomhordaithe Gheimhreadh 2019 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| Bealtaine | CP2/2019 | Cinneadh Deiridh maidir le Paraiméadair Chomhordaithe Gheimhreadh 2019 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| | CP3/2019 | Dréachtchinneadh maidir leis an Uasmhéid Muirir Aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath 2020-2024 agus tuarascálacha bainteacha |
| | | Doiciméid ó Chruinniú 30 Bealtaine leis an nGrúpa Comhairleach Paisinéirí |
| | | Treoir nuashonraithe don Tionscal maidir le Treoir (AE) 2015/2302 |
| Meitheamh | CP4/2019 | Comhairliúchán maidir leis an bPróiseas StageGate agus an tuarascáil bhainteach |
| | | Doiciméid ó Chruinniú 27 Meitheamh leis an nGrúpa Comhairleach Paisinéirí |
| Iúil | | Aighneachtaí mar fhreagra ar an Dréachtchinneadh (CP3/2019) |
| | CN2/2019 | Faisnéis iarratais maidir le Ceadúnas Gníomhaire Taistil agus Tionscnóra Turas Samhain 2019 |
| | CP5/2019 | Comhairliúchán: Beart Cosanta do Thomhaltóirí na Trádála Taistil-Céim 2 |
| Meán Fómhair | CP6/2019 | Dréachtchinneadh maidir le Paraiméadair Chomhordaithe Shamhradh 2020 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| | CP7/2019 | Cinneadh maidir le Paraiméadair Chomhordaithe Shamhradh 2020 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| Deireadh Fómhair | CP8/2019 | Cinneadh Deiridh maidir leis an Uasmhéid Muirir Aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath 2020-2024 agus tuarascálacha bainteacha |
| | | Foilsíonn an Coimisiún Treoir nuashonraithe don Tionscal maidir le Treoir (AE) 2015/2302 |
| Samhain | CN3/2019 | Amlíne na gcinntí maidir le Paraiméadair Chomhordaithe Gheimhreadh 2020 agus Shamhradh 2021 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| | | Cuntais Rialála Aerfort Bhaile Átha Cliath do 2018 |
| | | R4 (2018) Tuarascáil ar Sheachadadh Tionscadal Caipitiúil Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| | | R1 Tuarascáil ar Sheachadadh Tionscadal Caipitiúil Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| | | R2 Tuarascáil ar Sheachadadh Tionscadal Caipitiúil Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| | | R3 Tuarascáil ar Sheachadadh Tionscadal Caipitiúil Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| | | 2018 - R4 Tuarascáil ar Cháilíocht na Seirbhíse |
| | | 2019 - R1 Tuarascáil ar Cháilíocht na Seirbhíse |
| | | 2019 - R2 Tuarascáil ar Cháilíocht na Seirbhíse |
| | | 2019 - R3 Tuarascáil ar Cháilíocht na Seirbhíse |
| Nollaig | CP9/2019 | Bearta Cosanta do Thomhaltóirí na Trádála Taistil, Comhairle don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt |

## Eochairtháscairí Feidhmíochta

| Táscaire Feidhmíochta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| **Ceadúnú Trádála Taistil[7]** | | |
| Freagra a thabhairt d'iarratasóirí taobh istigh de sheachtain amháin ón teagmháil tosaigh | 99.6% | 94% |
| Eisiúint na litreach um Chinneadh i bPriosabal laistigh de mhí amháin ó dháta taiscthe an iarratais chomhlánaithe | 100% | 95% |
| Eisiúint an cheadúnais laistigh de dhá sheachtain tar éis an bhanna/na ndoiciméad go léir a fháil | 98.7% | 94% |
| Iniúchadh ar na cuntais bhliantúla laistigh de shé seachtaine tar éis iad a fháil | 98% | 73% |
| Líon áitreabh ceadúnaithe ar tugadh cuairt orthu (sprioc: cuairt ar 20% in aghaidh na bliana) | 115% | 100% |
| **Éilimh agus Aisdúichithe Lucht Trádála Taistil** | | |
| Líon na nÉileamh a Fuarthas tar éis teipeanna | n.b. | |
| Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de dhá mhí | n.b. | 185 |
| Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de cheithre mhí | n.b. | 279 |
| Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de shé mhí | n.b. | 279 |
| Costais riaracháin mar chéatadán de chostais iomlána na n-éileamh | n.b. | 12% |
| Líon na bpaisinéirí aisdúichithe | n.b. | 200 |
| Líon na bpaisinéirí ag feitheamh ar aisdúichiú, tar éis an dáta sceidealaithe aischurtha | n.b. | - |
| Líon na bpaisinéirí ag feitheamh ar aisdúichiú ar feadh níos mó ná seachtain amháin | n.b. | - |
| **Cosaint Tomhaltóirí** *(cásanna a cuireadh isteach idir an 1 Iúil 2018 agus an 30 Meitheamh 2019)* | | |
| Réamh-athbhreithnithe ar ghearáin curtha i gcrích laistigh de sheachtain amháin | 100% | 100% |
| Gearáin curtha ar aghaidh chuig CFN eile laistigh de mhí amháin ón ngearán a fháil | 78% | 45% |
| Imscrúduithe curtha i gcrích laistigh de thrí mhí ón ngearán a fháil | 57% | 19% |
| Imscrúduithe curtha i gcrích laistigh de sheacht mí ón ngearán a fháil | 96% | 59% |
| Líon na n-imscrúduithe aerfoirt | 7 | 2 |

7 Fuarthas go leor teachtaireachtaí maidir le cuid mhaith de na ceisteanna/gearáin sin.

# Plean Oibre 2020

## Sprioc Straitéiseach 1: Aerfort agus Seirbhísí Aerloingseoireachta atá Éifeachtúil, ar Ardchaighdeáin agus Feasach ar Shábháilteacht

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2020 | Eochairtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Muirir éifeachtúla a shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. | Comhairliúchán a dhéanamh faoin bhfreagra cuí ar rialáil phraghasanna i bhfianaise COVID-19. Tús a chur le haon phróiseas a mheastar a bheith cuí tar éis comhairliúchán agus teagmháil a dhéanamh leis an tionscal. | Comhoibriú agus teagmháil ghníomhach. Réitigh atá freagrúil agus éifeachtach. |
| | Comhairliúchán a dhéanamh maidir le cinntí an Phainéal um Achomhairc Eitlíochta 2020 agus a chinneadh cibé acu an gá Cinneadh 2019 a athrú, nó nach gá, mar fhreagra. | Cinneadh 2019 a dhearbhú nó a athrú ag teacht leis na hamlínte reachtúla. |
| | Monatóireacht a dhéanamh ar an gcaidhp praghais a chuireann teorainn leis an méid ioncaim in aghaidh an phaisinéara ar féidir le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (daa) a bhailiú ó mhuirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath | Ráitis faoi chaidhpeanna praghais a fhoilsiú. |
| | Comhlíonadh Threoir um Mhuirir Aerfoirt na hEorpa a chinntiú, treoir a leagan amach na bunchaighdeáin maidir le comhairliúchán agus neamh-idirdhealú. | Oibriú le hAerfort Bhaile Átha Cliath chun measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar a struchtúr praghsanna, lena n-áirítear pleananna Aerfort Bhaile Átha Cliath muirir fuaime agus comhshaoil a ghearradh mar ghné den struchtúr sin. |
| | Rialú agus monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar cost-éifeachtúil tionscadal caipitiúil. | Tuarascálacha ráithiúla a fhoilsiú ar an dul chun cinn i gcomparáid leis na hamlínte atá leagtha síos ag Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir lena chuid tionscadal amuigh go léir, agus ar an gcaiteachas a bhaineann leo. |
| | Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh muirear aerfoirt agus bearta cáilíochta seirbhíse ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. | Torthaí ráithiúla a fhoilsiú ar na 22 sprioc maidir le cáilíocht na seirbhíse. |

| Cuspóir 2 | Tosaíochtaí 2020 | Eochairtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara a mhéadú sa Phróiseas Cinnteoireachta | Leibhéal níos airde comhairliúcháin ar mhuirir agus infreastruchtúr a chur chun cinn. | An próiseas StageGate maidir le tionscadail infheistíochta caipitiúla a chur i bhfeidhm agus obair le hAerfort Bhaile Átha Cliath maidir lena struchtúr praghsanna.<br><br>Cinneadh a fhoilsiú maidir le treorlínte do chomhairliúcháin bhliantúla ar mhuirir aerfoirt. |

| Cuspóir 3 | Tosaíochtaí 2020 | Eochairtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Iomaíocht a chur chun cinn agus iontráil nua a éascú | Paraiméadair chomhordaithe sliotán ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a fhógairt. | Anailís a chur ar bun agus dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara faoin gcur chuige a mba cheart dúinn a ghlacadh chun acmhainn an Rúidbhealaigh Thuaidh nua a fhógairt.<br>Cinntí faoi pharaiméadair sliotán do Gheimhreadh 2020 agus Samhradh 2021 a fhoilsiú. |
| | Smachtbhannaí a forfheidhmiú i gcás aerlínte a mhí-úsáideann sliotán. | Smachtbhannaí mí-úsáide sliotán a thuairisciú. |

| Cuspóir 4 | Tosaíochtaí 2020 | Eochairtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Rialáil Feidhmíochta agus Muirir faoin Scéim maidir le hAerspás Eorpach Aonair | Maidir le rialáil muirir do sholáthraithe seirbhíse aerloingseoireachta, beidh an plean oibre ag brath ar chinntí an Choiste um Aerspás Aonair, ach is dócha go mbeidh ullmhúchán le haghaigh plean nua feidhmíochta d'Éirinn i gceist leis don tréimhse thagartha 3 (RP3) suas go dtí 2024.<br>Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcostas iarbhíre en route agus ag an gcríochfort i gcomparáid leis na costais chinntithe do 2019 (Tréimhse Thagartha 2) agus leis na rátaí aonaid beartaithe do 2021 (RP3) | Anailís a dhéanamh, dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara, agus plean athbhreithnithe feidhmíochta a ullmhú de réir mar is gá.<br>Anailís a dhéanamh agus na dualgais mhonatóireachta a chomhlíonadh. |

## Sprioc Straitéiseach 2:
## Aerlínte agus Láimhseálaithe ar an Talamh atá Sábháilte agus Láidir ó thaobh an Airgeadais de

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2020 | Eochairtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Córas éifeachtach ceadúnaithe a oibriú | An chuid eile de na moltaí a tháinig chun cinn de bharr an iniúchta a rinneadh in 2018 ar ár bpróisis cheadúnaithe a chur i bhfeidhm d'fhonn an córas ceadúnaithe is éifeachtaí a chinntiú. | Na moltaí a aithnítear a chur i bhfeidhm. |
| | Oibriú i ndlúthchomhar le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann agus leis na páirtithe leasmhara faoin mbealach a chinnteofar go mbeidh na rialacha feidhmithe maidir le soláthar sábháilte seirbhísí láimhseála ar an talamh faoin Rialachán nua EASA ag teacht leis an bpróiseas um cheadú atá curtha i bhfeidhm cheana ag an gCoimisiún. | Treoirlínte agus próisis forfheidhmithe a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh |
| | Leanúint ar aghaidh a bheith ag obair le haerfoirt chun creat rialála níos láidre a fhorbairt chun tacú le comhlíonadh na Rialacha Iompraíochta ag seirbhísí láimhseála ar an talamh. | Seachadadh na nithe a aithníodh chun forfheidhmiú cuí maidir le comhlíonadh na Rialacha Iompraíochta a chinntiú. |
| | Leanúint ar aghaidh de bheith ag obair le sealbhóirí ceadúnais agus le páirtithe leasmhara i gcomhthéacs na n-impleachtaí ceadúnaithe agus ceadaithe a thitfidh amach mar gheall ar Brexit. | Leanúint le comhlíonadh ceanglas ceadúnaithe ag sealbhóirí ceadúnais. |
| | Socruithe lenár gcomhghleacaithe Eorpacha a neartú chun bonn eolais a chur faoin monatóireacht a dhéantar ar aeriompróirí | Comhaontuithe comhair a thionscnamh le páirtithe ábhartha. |

## Sprioc Straitéiseach 3: Gníomhaireachtaí Taistil agus Tionscnóirí Turas atá láidir ó thaobh an airgeadais de

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2020 | Eochairtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Ceanglais an Achta Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, agus an Achta um Shaoirí Réamháirithe agus an Trádáil Taistil, 1995, a chur i bhfeidhm. | Leanúint ar aghaidh de bheith ag obair i ndlúthchomhar le páirtithe leasmhara chun na socruithe riachtanacha go léir a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go dtuigeann an tionscal na ceanglais sin. Tuiscint an Choimisiúin ar an margadh a fheabhsú. | Líon na n-eintiteas ar tugadh cuairt orthu. Líon na gcruinnithe tionscail. |
| | Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na próisis agus na nósanna imeachta atá ann. | |
| | Ceadúnais a eisiúint de réir reachtaíocht na hÉireann. | Céatadán na n-iarrthóirí ar tugadh freagra orthu laistigh de 7 lá. Céatadán na litreacha um chinneadh i bpriosabal a eisíodh. Líon na gceadúnas a eisíodh laistigh de dhá sheachtain. |
| | Monatóireacht a dhéanamh ar na socruithe slándála atá i bhfeidhm. | Córas monatóireachta a chur i bhfeidhm go leanúnach. |

| Cuspóir 2 | Tosaíochtaí 2020 | Eochairtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Cosaint dhóthanach a thabhairt don phobal atá ag taisteal. | Bearta reatha reachtaíochta maidir le dócmhainneacht a chur i bhfeidhm | Socruithe a chur i bhfeidhm. |
| | Oibriú leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun socruithe cosanta do thomhaltóirí a neartú. | Ionchur a thabhairt maidir le forbairtí beartais agus aon socruithe nua a bhfuil gá leo a chur i bhfeidhm. |
| | Cásanna ina líomhnaítear go bhfuil i trádáil mhídhleathach ar siúl a imscrúdú. | Tuairisciú faoi chásanna a ndearnadh imscrúdú orthu. |

## Sprioc Straitéiseach 4:
## Creat Láidir chun Cearta Paisinéirí a Chur i bhFeidhm

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2020 | Eochairtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Déileáil le gearáin ó phaisinéirí go héifeachtúil, go héifeachtach agus go cothrom | Imscrúduithe a thionscnamh go tráthúil. | Réamhléirmheas a dhéanamh ar ghearáin laistigh de sheachtain amháin - sprioc 85%. |
| | Imscrúduithe ar aerlínte a chur ar bun i gcomhréir leis na hamlínte freagartha comhaontaithe. | Cuireadh i gcrích 80% de na himscrúduithe laistigh de 3 mhí.<br>Cuireadh i gcrích 95% de na himscrúduithe laistigh de 7 mí. |
| | Treoracha a eisiúint sa chás nach gcomhlíonann aerlínte leis na ceanglais. | |
| | Aerfoirt na hÉireann a iniúchadh maidir le comhlíonadh an dá rialachán. | 100% de na haerfoirt ábhartha in aon bhliain ar leith. |

| Cuspóir 2 | Tosaíochtaí 2020 | Eochairtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Feasacht thaistealaithe ar a gcearta a fheabhsú | Plean cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | Plean cumarsáide a chur i bhfeidhm. |

| Cuspóir 3 | Tosaíochtaí 2020 | Eochairtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Oibriú chun comhlíonadh níos fearr na rialachán ag an tionscal a chinntiú, d'fhonn líon na ngearán ar gá dúinn idirghabháil a dhéanamh ina leith a laghdú | Plean maidir le hiniúchtaí, gníomhaíochtaí forfheidhmithe, cuairteanna agus cruinnithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | An plean a chur i bhfeidhm. |

## Sprioc Straitéiseach 5:
## Rialú a Léiríonn an Dea-Chleachtas Idirnáisiúnta is Fearr

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2020 | Eochairtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Córais atá éifeachtach agus oiriúnach don aidhm a úsáid | Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais agus próisis chun an fheidhmíocht agus an tseirbhís do chustaiméirí is fearr cleachtais a chur ar fáil, agus na córais agus próisis sin a mhionathrú. | Comhoibriú lenár gcomhghleacaithe in SRD chun ardán digiteach a fhorbairt mar chuirfidh bonn eolais faoin dea-chleachtas maidir le heispéireas an chustaiméara agus seirbhís do chustaiméirí. |

| Cuspóir 2 | Tosaíochtaí 2020 | Eochairtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Comhairliúchán éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara | Leibhéal níos airde comhairliúcháin ar mhuirir agus infreastruchtúr a chur chun cinn. | An próiseas StageGate maidir le tionscadail infheistíochta caipitiúla a chur i bhfeidhm agus obair le hAerfort Bhaile Átha Cliath maidir lena struchtúr praghsanna. |
| | Páirt a ghlacadh i bhFóram Thessaloniki Rialtóirí Muirear Aerfoirt na hEorpa | Cathaoirleacht a dhéanamh ar an ngrúpa oibre maidir le scipéad rialála agus cur leis an bpáipéar oibre ar mhodhnú comhshaoil muirear aerfoirt. |
| | Comhordú le gníomhaireachtaí ábhartha eile maidir le rialú Aerfort Bhaile Átha Cliath. | Dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí ábhartha, agus faisnéis a roinnt leo, de réir mar is gá. |
| | Beartas rialála a fhorbairt mar ullmhúchán dár gcéad chinneadh eile faoi Aerfort Bhaile Átha Cliath, ag foghlaim ó thaithí comhlachtaí rialála eile. | Comhordú le rialtóirí eile in Éirinn agus i mBallstáit eile. |

| Cuspóir 3 | Tosaíochtaí 2020 | Eochairtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Foireann oilte agus spreagtha a chaomhnú | Leanúint orainn de bheith ag ailíniú agus ag cur i gcrích gníomhartha foghlama agus forbartha chun tacú lenár bPlean Straitéiseach | An Plean Foghlama agus Forbartha a rianú ar bhonn míosúil. |
| | I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar theacht aniar na heagraíochta, an dara céim den phlean fórsa saothair a chur i bhfeidhm. | Acmhainní curtha i bhfeidhm faoi Ráithe 3 |

| Cuspóir 4 | Tosaíochtaí 2020 | Eochairtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Reachtaíocht a ghlacadh a fhreagraíonn do na dea-chleachtais idirnáisiúnta | Leibhéal níos airde comhairliúcháin ar mhuirir agus infreastruchtúr a chur chun cinn. | An próiseas StageGate maidir le tionscadail infheistíochta caipitiúla a chur i bhfeidhm agus obair le hAerfort Bhaile Átha Cliath maidir lena struchtúr praghsanna. |
| | Páirt a ghlacadh i bhFóram Thessaloniki Rialtóirí Muirear Aerfoirt na hEorpa | Cathaoirleacht a dhéanamh ar an ngrúpa oibre maidir le scipéad rialála agus cur leis an bpáipéar oibre ar mhodhnú comhshaoil muirear aerfoirt. |
| | Comhordú le gníomhaireachtaí ábhartha eile maidir le rialú Aerfort Bhaile Átha Cliath. | Dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí ábhartha, agus faisnéis a roinnt leo, de réir mar is gá. |
| | Beartas rialála a fhorbairt mar ullmhúchán dár gcéad chinneadh eile faoi Aerfort Bhaile Átha Cliath, ag foghlaim ó thaithí comhlachtaí rialála eile. | Comhordú le rialtóirí eile in Éirinn agus i mBallstáit eile. |
| | Páirt ghníomhach a ghlacadh i bhFóram Thessaloniki Rialtóirí Muirear Aerfoirt na hEorpa agus i measúnú na Treorach um Muirir Aerfoirt | Páirt a ghlacadh i dtreoirlínte a leagan amach faoi chur i bhfeidhm níos fearr na Treorach um Muirir Aerfoirt. |
| | Páirt ghníomhach a ghlacadh in Ardán Comhordaithe (NCP) NSA a bhfuil mar aidhm aige an scéim maidir le hAerspás Eorpach Aonair (SES) a chur i bhfeidhm ar bhealach níos fearr. | Páirt a ghlacadh sna rudaí seo a leanas: 1) plé AE maidir le ceisteanna agus réitigh ábhartha, 2) aithint dea-chleachtas maidir le cur i bhfeidhm SES agus 3) soláthar sain-chomhchúnaimh idir NSAnna. |

## Cuspóir Straitéiseach Nua 6: Rialáil Eacnamaíoch Seirbhísí Aerloingseoireachta a Chur i bhFeidhm

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2020 | Eochairtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Rialáil eacnamaíoch seirbhísí aerloingseoireachta a chur i bhfeidhm | An ról a athshannadh le déanaí mar Údarás Maoirseachta Náisiúnta (NSA) a ghlacadh chun críocha rialáil eacnamaíoch a dhéanamh ar sheirbhísí aerloingseoireachta faoi na rialacháin maidir le hAerspás Eorpach Aonair (SES). | Aistriú agus cur i bhfeidhm rathúil ról an Choimisiún sa réimse seo. |

# Cairt Eagrúcháin

- **An Coimisinéir** Cathy Mannion
  - **An Stiúrthóir Rialála Eacnamaíche** Adrian Corcoran
    - **Eacnamaithe** Maria Baquero, Luke Manning
  - **An Leas-Choimisinéir / Stiúrthóir Gnóthaí Dlí** David Hodnett
    - **Bainisteoir Ceadúnaithe Eitlíochta** Louise O'Dwyer
      - **Oifigigh Cheadúnaithe Eitlíochta** Noel McDermott, Christopher Graham
    - **Bainisteoir Cearta Aerphaisinéirí** Sarah Fischer
      - **Oifigigh Chearta Aerphaisinéirí** Anne Kenny, Deborah Maguire, Taliesen Bendell, David Eaton, Michelle Crinnegan
  - **Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha** Brian Higgins
    - **Oifigeach Cosanta Sonraí/ Seirbhísí Corparáideacha** Sorcha Mc Donald
    - **Oifigeach Acmhainní Daonna/ Seirbhísí Corparáideacha** Adrienne Sundquist
  - **An Stiúrthóir Airgeadais & Ceadúnaithe Trádála Taistil** Josephine O'Reilly
    - **Cuntasóir Airgeadais** Suzy Burns
    - **Bainisteoir Ceadúnaithe Trádála Taistil** Gavin Lyons
      - **Oifigigh Cheadúnaithe Trádála Taistil** Liam O'Connor, Michael Dowling, Ann Hickey



An Coimisiún um Rialáil Eitilíochta

Commission for Aviation Regulation

**An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta,**
3ú Urlár, Teach Alexandra,
Ardán Phort an Iarla,
Baile Átha Cliath 2, D02 W773.

**Teil:** +353 1 6611700
**Facs:** +353 1 6611269
**www.aviationreg.ie**
**ríomhphost:** info@aviationreg.ie